An Roinn Oideachais
Department of Education

# Dearcthaí ar Iompar Bulaíochta (2023)

## An chéad cheann i sraith de chúig thuarascáil bhliantúla, 2023-2027



An Chigireacht
www.gov.ie/ROCigireacht

# Clár ábhair


**Brollach** **iii**

**1. Réamhrá** **1**

Cúlra 1
Fócas na tuarascála seo 3
Modheolaíocht taighde agus anailís sonraí 4

**2. Cultúr agus timpeallacht** **8**

**3. Curaclam: teagasc agus foghlaim** **14**

**4. Polasaí agus Pleanáil** **18**

**5. Caidrimh agus Páirtnéireachtaí** **21**

**6. Obair scoileanna chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air** **24**

Tionchar ag leibhéal na scoile 24
An beartas frithbhulaíochta a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú 25
Uirlisí a fhorbairt chun cairdeas, cineáltas agus meas a chothú 26
Díriú ar athchóiriú seachas ar an milleán 27
An timpeallacht fhisiceach a oiriúnú 28
Córais éifeachtacha mhaoirseachta 29
Samplaí de chleachtas éifeachtach arna roinnt ag príomhoidí 30

**7. Tuairimí leanaí agus daoine óga a ndearnadh bulaíocht orthu** **32**

Taithí ar iompar bulaíochta i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta 32
Taithí ar iompraíocht bulaíochta in iar-bhunscoileanna 33

**8. Príomhthorthaí agus moltaí** **35**

Cultúr agus timpeallacht 35
Curaclam: teagasc agus foghlaim 37
Beartas agus pleanáil 39
Caidrimh agus comhpháirtíochtaí 42

**Aguisín I Táblaí – Scoileanna Rannpháirteacha** **44**

**Leabharliosta** **46**



# Brollach ón bPríomh-Chigire Yvonne Keating

Tá an timpeallacht shóisialta ina bhfeidhmíonn an córas oideachais ag éirí níos casta. Tá scoileanna ag feidhmiú laistigh de chomhthéacs níos leithne de neamhchinnteacht eacnamaíoch, coimhlint domhanda, athrú aeráide agus éagothroime atá ag dul i méid. Tá úsáid na teicneolaíochta agus na meán sóisialta níos coitianta anois i measc leanaí agus daoine óga agus a dteaghlaigh; tá leitheadúlacht na bulaíochta ar líne ag méadú (WHO, 2024). D'ainneoin na ndúshlán seo, leanann scoileanna ar aghaidh ag déanamh a ndícheall le bheith ina n-áiteanna foghlama fáilteacha agus ionchuimsitheacha.

Anois, níos mó ná riamh, is gá do gach scoil éagsúlacht, caoinfhulaingt agus cultúr measa ar chách a chur chun cinn go gníomhach. Tá sé mar aidhm ag an Roinn Oideachais a chinntiú gur áit í gach scoil ina mothaíonn gach leanbh agus duine óg go bhfuil fáilte rompu, go bhfuil meas agus tuiscint orthu.

Baineann go leor leanaí agus daoine óga leas as eispéireas scoile dearfach; bíonn siad sásta, muiníneach agus mothaíonn siad aitheantas agus ionchuimsiú ina bpobal scoile. Mar sin féin, tá go leor leanaí agus daoine óga eile ann freisin ar dócha go bhfuil taithí acu ar bhulaíocht scoile de chineál éigin  (Foody et al., 2017). Léirítear sa taighde a rinne Belong To agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (2024) le déanaí na dúshláin a bhíonn le sárú ag scoláirí LADTAI+ ar scoil. Is meabhrúchán mór é go bhfuil go leor oibre fós le déanamh chun ionchuimsiú, sábháilteacht agus muintearas iomlán na leanaí agus na ndaoine óga go léir a chinntiú.

Cuireann an tuarascáil seo ó Chigireacht na Roinne tuairimí leanaí, daoine óga, tuismitheoirí, múinteoirí agus príomhoidí i láthair maidir leis na bearta a dhéanann a scoil chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air. Agus é faoi theoir ag *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019*, ag *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2022* agus ag *Plean Forfheidhmithe Cineáltas do 2023-2027* a ghabhann leis, cuireann sé léargas ar fáil ar raon de pheirspictíochtaí ar obair scoileanna chun cosc agus aghaidh a thabhairt ar iompar bulaíochta. Aibhsítear go leor príomh-láidreachtaí, lena n-áirítear an dearcadh ginearálta gur áiteanna dearfacha iad scoileanna agus nach nglactar le hiompar bulaíochta i bpobail scoile. Leagann an tuarascáil béim freisin, áfach, ar réimsí atá le feabhsú, lena n-áirítear an gá  lena chinntiú go bhfuil sé de chumhacht ag leanaí iompar bulaíochta a aithint agus a bheith muiníneach as a bheith eolach ar conas é a thuairisciú agus tacaíocht a lorg nuair a bhíonn sí de dhíth orthu. Tá an Chigireacht tiomanta do

mhaoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha atá leagtha amach sa tuarascáil seo.

Cé go n-aibhsítear príomhghníomhartha do scoileanna sa tuarascáil, aithnítear ann freisin go bhfuil leanaí agus daoine óga á múnlú go gníomhach ag na comhthéacsanna sóisialta níos leithne ina maireann siad. Tá pearsantacht, spéiseanna agus gníomhaíochtaí linbh fréamhaithe sa chaidrimh agus sna hidirghníomhaíochtaí atá acu leis na líonraí sóisialta, comhshaoil agus cultúrtha níos leithne lena mbaineann siad agus bíonn tionchar suntasach acu orthu (Bronfenbrenner, 1979). Cé go bhfuil ról ríthábhachtach ag scoileanna maidir le hiompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air, tá sé tábhachtach freisin aitheantas a thabhairt don fhreagracht níos leithne sochaíoch agus ar fud an chórais. 'Saincheist oideachais uile' is ea iompar bulaíochta (UNESCO, 2020). Ní fadhb í ar féidir le scoileanna aonair a réiteach ina n-aonar.

Le *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht (2022)* tugtar fís chomhchoiteann agus treochlár soiléir maidir le conas is féidir leis an bpobal oideachais iomlán agus leis an tsochaí oibriú le chéile chun bulaíocht a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi i mbunscoileanna, in iar-bhunscoileanna agus i scoileanna speisialta.

Seo an chéad cheann i sraith de chúig thuarascáil bhliantúla, mar thoradh ar ghníomh díreach atá leagtha amach in Cineáltas: *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht Plean Forfheidhmithe 2023--2027*. Beidh béim beagán difriúil ag tuarascálacha ina dhiaidh seo. Cé go bhfanfaidh taithí saoil leanaí agus daoine óga mar chroílár gach tuarascála, beidh béim níos mó ar na fachtóirí sóisialta, comhshaoil agus cultúrtha níos leithne ar féidir leo tionchar a imirt ar iompar bulaíochta.

Táim buíoch de na leanaí agus na daoine óga go léir agus dá dtuismitheoirí, múinteoirí agus príomhoidí, a chomhroinn a dtuairimí go fial. Tá a gcion thar a bheith luachmhar. Creidim go gcuirfidh a n-eispéiris, mar a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo, le sprioc na Roinne lena chinntiú gur áit í gach scoil ina gcuirtear fáilte roimh gach leanbh agus duine óg, ina mbíonn aithint, luach agus tuiscint orthu.

**Yvonne Keating**

**Príomh-Chigire**

**Meitheamh 2024**

# 1. Réamhrá

## Cúlra




I mí na Nollag 2022, sheol an tAire Oideachais *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht.* D'fhorbair an Roinn Oideachais an plean seo, i gcomhar le coiste stiúrtha a raibh ballraíocht éagsúil aige lena n-áiríodh ion adaithe na sochaí sibhialta, acadóirí agus iad siúd a oibríonn go díreach le leanaí agus daoine óga.

Is é *Cineáltas* cur chuige oideachais iomláin na Roinne chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air i scoileanna lena n-áirítear cur i gcoinne na cibearbhulaíochta, na bulaíochta ciníche, na bulaíochta aitheantais inscne, an ghnéaschiaptha agus cineálacha eile iompair bulaíochta i scoileanna.

Le *Cineáltas* glactar cur chuige bunaithe ar chearta an linbh agus cuirtear fís chomhchoiteann agus treochlár soiléir ar fáil don chaoi ar féidir leis an bpobal oideachais agus leis an tsochaí ar fad oibriú le chéile chun iompar bulaíochta i scoileanna a chosc agus aghaidh a thabhairt air.

Le *Cineáltas* áirítear gach ceann de na naoi gcomhpháirt de Chur Chuige Uile-Oideachais UNESCO chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air. Tá sé fréamhaithe i gceithre phríomhphrionsabal:



COSC TACAÍOCHT MAOIRSEACHT POBAL

Foilsíodh plean forfheidhmithe do *Cineáltas* ar 10 Aibreán 2023 ina dtugtar gealltanas do gach ceann de na seasca is a haon gníomh atá in *Cineáltas* a chur i bhfeidhm laistigh de thréimhse cúig bliana. Tá Grúpa Forfheidhmithe agus Meastóireachta bunaithe ag an Roinn Oideachais chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha in *Cineáltas.* Ceann de na gníomhartha is ea tuarascálacha bliantúla forfheidhmithe agus meastóireachta a fhoilsiú, bunaithe ar aiseolas ó leanaí agus ó dhaoine óga, ó thuismitheoirí, ó fhoirne scoile, ó chomhpháirtithe oideachais, ó phríomhpháirtithe leasmhara agus ó ghníomhaireachtaí ábhartha. Tá an grúpa seo faoi chathaoirleacht Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais.




Tá ról lárnach ag scoileanna maidir le folláine leanaí agus daoine óga a chur chun cinn agus tacú léi. Rud atá chomh tábhachtach céanna, tá tionchar ag a dtaithí ar an domhan mór agus ag a n-idirghníomhaíochtaí leis ar fholláine leanaí agus daoine óga. Mar a aithnítear sa *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais* ( An Roinn Oideachais, 2019), tá baint agus nasc ag an bhfolláine le raon fachtóirí riosca agus cosantacha agus ceangailte leo agus tá róil an phobail, an chultúir agus na sochaí i gcoitinne ríthábhachtach. Is fachtóir cosanta suntasach i bhforbairt na folláine í sochaí a bhfuil bunluachanna aici, mar atá ceartas, comhionannas, caoinfhulaingt agus cothroime sóisialta.

Agus é seo san áireamh, tá sé tábhachtach a admháil go mbaineann an 2,346 leanbh agus duine óg (féach Aguisín), a roinneadh a dtuairimí sa tuarascáil seo, ní hamháin lena scoileanna, ach le pobal níos leithne freisin. Ní féidir a n-eispéiris ar scoil a scaradh ón gcomhthéacs sóisialta agus cultúrtha níos leithne ina maireann siad. Mar sin is freagrachtaí pobail comhroinnte iad folláine a chur chun cinn agus iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air. Is gnó laethúil gach duine iad (An Roinn Oideachais, 2019).

Tá cur i bhfeidhm na ngníomhartha atá in *Cinéaltas* ceaptha lena chinntiú go gcoimeádtar leanaí agus daoine óga sábháilte ó dhochar agus go bhfanann a sábháilteacht fhisiciúil agus shíceolaíoch lárnach i ngach gné de shaol na scoile. Tá Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais na Roinne ina chabhair freisin lena chinntiú go ndéantar cur i bhfeidhm éifeachtach ar chur chuige il-chomhpháirteach scoile uile a mbíonn tionchar dearfach aige ar gach leanbh agus duine óg ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta.

Le *Cineáltas*, tugtar gealltanas go n-ullmhóidh Cigireacht na Roinne tuarascáil bhliantúil ina gcuimseofar tuairimí leanaí, daoine óga agus tuismitheoirí faoin gcaoi a n-oibríonn a scoil chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air. I mí na Bealtaine 2023, mar fhreagra ar an ngealltanas seo, rinne an Chigireacht suirbhéanna ar phríomhoidí, ar mhúinteoirí, ar thuismitheoirí agus ar leanaí agus daoine óga. Déanann an tuarascáil seo achoimre ar thorthaí na suirbhéanna sin. Tugann na táblaí san Aguisín sonraí maidir le líon na scoileanna agus miondealú ar fhreagróirí an tsuirbhé.

Tá obair scoileanna maidir le hiompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air mar thosaíocht shoiléir don Roinn Oideachais agus don Chigireacht. Ina cuid oibre meastóireachta i scoileanna, déanann an Chigireacht monatóireacht ar ghnéithe de chur i bhfeidhm na n*Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile* (2013).[1]

[1] I gcomhthreo leis an suirbhé a dhéanamh, bhí an Roinn ag obair chun na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile* (2013) a nuashonrú.

## Fócas na tuarascála seo

Ag teacht leis na gealltanais atá leagtha amach in Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht, tugann an tuarascáil seo aghaidh ar thrí phríomhcheist:

| | | |
|---|---|---|
| Cad iad tuairimí na leanaí agus daoine óga, tuismitheoirí, múinteoirí agus príomhoidí ar an obair a dhéanann a scoileanna chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air? | Cad iad na gníomhartha atá sainaitheanta ag príomhoidí agus múinteoirí atá an-éifeachtach ina gcuid oibre chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air? | An bhfuil réimsí ann a bhaineann le hiompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air i scoileanna ina bhfuil gá le feabhsúcháin? |

# Modheolaíocht taighde agus anailís sonraí

***Dearadh suirbhé***

Cuireann *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais na Roinne* creat uileghabhálach ar fáil chun tacú le folláine bhaill uile an phobail scoile agus chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air.

*Fíor 1: Ceithre phríomhréimse de chur chun cinn na folláine*




Mar a léirítear i bhFíor 1 thuas, aithnítear sa Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais ceithre phríomhréimse le cur chun cinn na folláine: Cultúr agus Timpeallacht; Curaclam (Teagasc agus Foghlaim); Polasaí agus Pleanáil; agus Caidrimh agus Páitnéireachtaí. Rinneadh an suirbhé ar a bhfuil an tuarascáil seo dírithe a struchtúrú ag baint úsáid as na ceithre réimse seo; bhain na ceisteanna i ngach fo-roinn go díreach leis an bpríomhréimse

ábhartha. Bhí an struchtúr sa Chreat Cleachtais mar bhonn eolais le dearadh suirbhéanna Mhí na Bealtaine 2023 ar phríomhoidí, múinteoirí, leanaí agus daoine óga.

Áiríodh sna suirbhéanna freisin raon míreanna a dearadh chun léargas a thabhairt ar eispéiris leanaí agus daoine óga ar iompar bulaíochta, chomh maith le heispéiris a dtuismitheoirí. Thug míreanna breise a dearadh do phríomhoidí agus do mhúinteoirí deis dóibh aird a tharraingt ar aon athruithe suntasacha a bhraith siad a bhí i láthair ina scoileanna mar thoradh ar a gcuid oibre chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air.

Reáchtáladh dhá ghrúpa fócais le leanaí agus daoine óga roimh sheoladh an tsuirbhé. Ba é cuspóir na ngrúpaí fócais sin aird a tharraingt ar aon easnaimh nó débhríochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann i suirbhé na scoláirí. D'fhéach sé freisin lena chinntiú go raibh an suirbhé sách soiléir do leanaí agus do dhaoine óga le cur ar a gcumas gach mír a thuiscint agus a fhreagairt i gceart. Mar thoradh ar an athbhreithniú tosaigh sin rinneadh roinnt leasuithe ar shuirbhé na scoláirí.

Áiríodh sna suirbhéanna raon formáidí ceisteanna, amhail ceisteanna ilroghnacha, scálaí rátála agus ceisteanna oscailte. Baineadh úsáid as ceisteanna iata i réimsí ina raibh faisnéis fhíorasach, chainníochtúil ag teastáil. Coinníodh fad agus castacht gach suirbhé chomh híseal agus ab fhéidir, chun inrochtaineacht a chinntiú agus chun rannpháirtíocht na bhfreagróirí a uasmhéadú.

Baineadh úsáid as pacáiste bogearraí, Checkbox Survey (Leagan 7), chun na suirbhéanna a riar. Ag baint úsáid as na bogearraí seo, d'fhéadfaí na suirbhéanna a fheiceáil agus a chomhlánú ag baint úsáid as raon gléasanna, fóin phóca san áireamh.

***Treoir ar théarmaíocht chainníochtúil***

I dTábla 1 tugtar cur síos ar na téarmaí cainníochtúla a úsáidtear sa phlé ar thorthaí na tuarascála seo:

| Tábla 1: Treoir maidir le téarmaíocht chainníochtúil a úsáidtear sa tuarascáil | |
|---|---|
| **Raon céatadáin** [2] | **Téarmaí cainníochtúla** |
| > 90% | I mbeagnach gach cás |
| 75%-90% | Den chuid is mó |
| 51%-74% | Tromlach |
| 50% | Leath |
| 25%-49% | Níos lú ná a leath / mionlach suntasach |
| 16%-24% | Líon beag / Níos lú ná ceathrú |
| Less than 15% | I gcúpla cás |

***Scóip na tuarascála seo***

Tá anailís an tsuirbhé dírithe go príomha ar thaithí saoil leanaí agus daoine óga i scoileanna. Tugtar léiriú ann ar an gcaoi a bhfuil scoileanna ag obair chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air agus cuimsítear raon moltaí ann maidir le conas is féidir an obair seo a neartú. Mar a aithnítear in Cinéaltas, áfach, is ceist shochaíoch níos leithne í an bhulaíocht ar leanaí agus ar dhaoine óga; tarlaíonn sí laistigh de ghréasán struchtúr agus caidrimh atá laistigh agus lasmuigh den scoil. Mar sin is gá a admháil gur 'saincheist oideachais uile' é iompar bulaíochta (UNESCO, 2020). Ní fadhb í ar féidir le scoileanna aonair a réiteach ina n-aonar. Éilíonn sé seo comhiarracht ó gach duine a bhfuil baint acu le hoideachas agus cúram daoine óga.

**Ní fadhb í ar féidir le scoileanna aonair a réiteach ina n-aonar. Éilíonn sé seo comhiarracht ó gach duine a bhfuil baint acu le hoideachas agus cúram daoine óga.**

Is ionann an tuarascáil seo agus comhlíonadh páirteach ar cheann de na gníomhartha in Cineáltas. Cé go leagtar béim ann ar ghníomhartha sonracha ar gá do scoileanna aghaidh a thabhairt orthu, ní mór go n-aithneodh cur chuige rathúil uile-oideachais chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air gur fadhb chórais í seo a bhfuil go leor comhpháirteanna aici – aonair, comhthéacsúil agus sochaíoch (UNESCO, 2023). Le cur i bhfeidhm na ngníomhartha eile in Cineáltas, áit a gcuirtear béim ar chosc, ar thacaíocht, ar mhaoirseacht agus ar phobal, cuirfear go mór leis an obair atá ar siúl cheana féin sna scoileanna chun leanaí agus daoine óga a choinneáil slán ó dhochar agus chun a bhfolláine a chur chun cinn.

[2] Tá na céatadáin slánaithe go dtí an tslánuimhir is gaire i gcorp na tuarascála seo.

***Srianta na tuarascála seo***

Ba cheart roinnt srianta a chur san áireamh agus torthaí na tuarascála seo á léirmhíniú. Ar an gcéad dul síos, mar is amhlaidh le taighde ar bith, ní bhíonn sa tuarascáil ach na freagraí a bailíodh chun na ceisteanna taighde sonracha a fhreagairt. Ní féidir torthaí staidéir atá bunaithe ar shampláil chuspóireach a dhéanamh ginearálta ach amháin don daonra as a dtarraingítear an sampla, ní don daonra iomlán. I roinnt cásanna, cuimsíodh le  sonraí an tsuirbhé roinnt peirspictíochtaí codarsnacha; déantar iad seo a phlé sna hailt ábhartha den tuarascáil.

Cuirtear leis an tuarascáil seo na freagraí suirbhé i láthair ó leanaí agus daoine óga, a dtuismitheoirí, múinteoirí agus a bpríomhoidí ag pointe áirithe ama. Braitheann sé ar thuairiscí pearsanta ar eispéiris ar iompar bulaíochta. D’úsáid na rannpháirtithe a léirmhínithe agus a gcoincheapa féin ar iompar bulaíochta chun a gcuid freagraí a threorú. I gcomhthéacs eile, ní gá go mbreathnófaí ar na cásanna seo mar iompar bulaíochta.

## 2. Cultúr agus timpeallacht



***Dearcthaí ar an scoil mar áit dhearfach fháilteach***

Thug an chuid ba mhó de na leanaí agus na daoine óga a fhreastalaíonn ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta (87%) agus tromlach na ndaoine óga i suíomhanna iar-bhunscoile (71%) le fios gur áit dhearfach a bhí sa scoil. B'fhéidir gur léiriú é an toradh seo ar na timpeallachtaí foghlama éagsúla i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna; go háirithe, go mbíonn claonadh i gcultúr go leor iar-bhunscoileanna a bheith níos foirmiúla, níos acadúla agus níos dírithe ar scrúduithe (Smyth et al., 2004; OECD, 2023).

Mheas na leanaí agus na daoine óga go léir i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta, geall leis (93%) agus an chuid ba mhó de na scoláirí in iar-bhunscoileanna (79%), gur áit fháilteach í an scoil, beag beann ar a gcumas, a gcuma, a gcúlra, a spéiseanna nó a stíl mhaireachtála.

Thug beagnach gach tuismitheoir leanaí agus daoine óga i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta (93%) agus an chuid ba mhó de thuismitheoirí na scoláirí iar-bhunscoile (82%) le fios go raibh atmaisféar dearfach i scoil a bpáiste. Ina theannta sin, thug beagnach gach tuismitheoir leanaí agus daoine óga i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta (96%) agus iar-bhunscoileanna (90%) le fios gur chuir scoil a bpáiste fáilte roimh gach scoláire. Léirigh na freagraí ó phríomhoidí agus ó mhúinteoirí ar fud na n-earnálacha go léir go raibh leibhéil arda seasta ag aontú go raibh atmaisféar dearfach fáilteach sa scoil.

Bhí comhsheasmhacht suntasach le sonrú i ndearcthaí na dtuismitheoirí, na bpríomhoidí agus na múinteoirí go léir, ar fud na n-earnálacha scoile, ar na fachtóirí a chabhraigh le hatmaisféar dearfach a chur chun cinn sna scoileanna.

Dúirt **freagróirí** go raibh na nithe seo a leanas tábhachtach agus tairbheach:

- an tuiscint go bhfuil ról le himirt ag gach duine, tuismitheoirí, príomhoidí agus múinteoirí san áireamh, chun bulaíocht a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi
- rialacha soiléire a bheith ann maidir le scoláirí eile a ghortú trí ghníomhartha nó focail, mar aon le treoirlínte maidir le húsáid chuí na teicneolaíochta, fóin san áireamh
- maoirseacht chuí ar leanaí agus ar dhaoine óga
- na hiarrachtaí chun tacú le leanaí agus daoine óga agus iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí le daoine eile, laistigh agus lasmuigh den seomra ranga.

Luaigh na freagraí ó na **príomhoidí agus múinteoirí** na cleachtais luachmhara seo freisin:

- baill foirne ag faire amach go gníomhach le haghaidh comharthaí iompair bulaíochta
- imeachtaí a eagrú chun an scoil a dhéanamh níos fáiltí do gach leanbh agus duine óg
- múinteoirí ag tacú le scoláirí tríd an aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil
- ómós do chách a chur chun cinn trí chumarsáid scoile
- tuiscint agus meas ag na múinteoirí ar uathúlacht gach linbh agus duine óig

***Mothú muintearais***

Thug freagraí ó phríomhoidí agus ó mhúinteoirí ar fud na n-earnálacha uile le fios go raibh ardleibhéil chreidimh in iarrachtaí a scoile chun braistint muintearas a chothú do leanaí agus do dhaoine óga.

Mar sin féin, thug 4% de scoláirí i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta le fios gur annamh a bhí muintearas acu lena scoil nó nár mhothaigh siad riamh é. Thug an deichiú cuid (10%) le fios go raibh sé seo fíor uaireanta ina gcás féin. Thug os cionn an deichiú cuid de scoláirí iar-bhunscoile (12%) le fios gur annamh a bhí muintearas acu lena scoil nó nár mhothaigh siad riamh é. Thug an cúigiú cuid (20%) le fios gur mhothaigh siad an muintearas seo uaireanta. Tá na torthaí seo i gcomhréir go ginearálta le torthaí an Chláir Measúnaithe Idirnáisiúnta Scoláirí (PISA) (2022), a dhéanann measúnú ar eolas agus scileanna scoláirí 15 bliana d’aois sa mhatamaitic, sa léitheoireacht agus san eolaíocht. Sa staidéar sin, thuairiscigh 19% de scoláirí na hÉireann nach raibh siad sásta lena saol.

Thug beagnach gach tuismitheoir leanaí agus daoine óga i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta (92%) agus an chuid ba mhó de thuismitheoirí scoláirí in iar-bhunscoileanna (77%) le fios go raibh muintearas agus nascacht ag a leanbh lena scoil. Léiríonn sé seo, áfach, gur thug beagnach duine as gach deichniúr tuismitheoirí leanaí bunscoile agus leanaí scoile speisialta agus daoine óga agus tuairim is duine as gach ceathrar de thuismitheoirí scoláirí iar-bhunscoile, le fios gur mhothaigh a ndaoine óga muintearas uaireanta, nó nár mhothaigh siad ach go hannamh é, nó nár mhothaigh siad riamh é.

***Bheith ar mo nós féin ar scoil***

Thug 4% de leanaí agus daoine óga i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta le fios gur annamh nó nach raibh sé sábháilte riamh bheith ar a nós féin ina scoil. Mhothaigh 9% de leanaí agus daoine óga go raibh sé sábháilte uaireanta bheith ar a nós féin sa scoil. Cé gur thug tromlach na ndaoine óga san iar-bhunscoil (71%) le fios go raibh sé sábháilte dóibh a bheith ar a nós féin ar scoil an t-am ar fad nó an chuid ba mhó den am, thug níos mó ná an deichiú cuid (12%) le fios nach raibh sé sábháilte riamh nó go hannamh bheith ar a nós féin. Thug 17% de na scoláirí le fios go raibh sé seo fíor uaireanta ina gcás.

***Gníomhaíochtaí a chuireann leis an bhfáilte sa scoil***

D'aontaigh an chuid ba mhó de na leanaí agus de na daoine óga i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta (76%) agus tromlach na ndaoine óga i suíomhanna iar-bhunscoile (74%), gur eagraíodh imeachtaí le linn na scoilbhliana chun áit níos fáiltí a dhéanamh dá scoil. D'aontaigh an chuid ba mhó de leanaí agus daoine óga i suíomhanna bunscoile agus scoileanna speisialta (83%) agus an chuid ba mhó de na scoláirí i suíomhanna iar-bhunscoile, (81%) gur tugadh tacaíocht agus spreagadh dóibh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ag am lóin agus tar éis scoile.

Spreagadh na freagróirí le samplaí de shaol na scoile nó de ghníomhaíochtaí a bhí mar thaca dóibh aireachtáil go raibh fáilte rompu a chomhroinnt. I measc samplaí de na freagraí a fuarthas ó leanaí bunscoile agus scoile speisialta agus ó dhaoine óga bhí:

> *Éisteann múinteoirí liom. Tugtar freagrachtaí dúinn go laethúil.*
>
> *Tá gach duine cineálta agus bíonn seachtain na folláine agus seachtain ghníomhach againn.*

Rinneadh tagairt go minic do ghníomhaíochtaí spóirt. Ar an iomlán, ar na gníomhaíochtaí ba choitianta a luaigh freagróirí iar-bhunscoile bhí:

> *spóirt foirne*
> *gníomhaíochtaí agus turais ranga*
> *laethanta/seachtain ardaithe feasachta*
> *laethanta spraoi scoile uile*
> *gníomhaíochtaí seach-churaclaim*

***Ómós a léiriú***

Thug freagraí ó leanaí agus ó dhaoine óga le fios go raibh siad sásta den chuid ba mhó nár cheadaigh a mbunscoil ná a scoil speisialta focail agus frásaí dímheasúla a úsáid agus thuairiscigh an chuid ba mhó (89%) go raibh sé seo fíor i dtaca lena scoil. D'aontaigh tromlach na scoláirí iar-bhunscoile (74%) nach raibh sé ceadaithe teanga dhímheasúil a úsáid. Thug an chuid ba mhó de na leanaí agus na daoine óga i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta (83%) agus i suíomhanna iar-bhunscoile (78%) le fios go raibh focail agus íomhánna a spreag ómós do chách ar taispeáint ar fud a scoile.

***Mothú sábháilte agus faoi chúram***

Dheimhnigh beagnach gach leanbh agus duine óg i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta (92%) agus beagnach gach duine óg in iar-bhunscoileanna (90%) go ndearna a múinteoirí maoirsiú orthu le linn amanna sosa agus am lóin. Ach bhí sé suntasach, áfach, go raibh tromlach na bhfreagróirí bunscoile agus scoileanna speisialta (73%) agus tromlach na bhfreagróirí iar-bhunscoile (72%), éiginnte nó nár aontaigh siad gur fiafraíodh de leanaí agus de dhaoine óga a dtuairimí a thabhairt maidir le réimsí agus amanna ina bhféadfadh gá a bheith le maoirseacht mhéadaithe. Mar fhreagra ar cheist sa suirbhé maidir le cibé an raibh a múinteoir ag faire amach do chomharthaí iompraíochta bulaíochta, thug thart ar 5% de leanaí agus daoine óga i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta an freagra nach raibh. Ba é an figiúr coibhéiseach ag an iar-bhunscoil beagnach 16%.

Thug beagnach gach tuismitheoir leanaí agus daoine óga i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta (92%) agus an chuid ba mhó de thuismitheoirí na ndaoine óga in iar-bhunscoileanna (87%) le fios go raibh a leanbh sábháilte ar scoil.

Dhearbhaigh na freagraí ó phríomhoidí agus ó mhúinteoirí ar fud na n-earnálacha go léir go daingean go raibh cruthú timpeallachta sábháilte do leanaí agus do dhaoine óga mar phríomhthosaíocht acu mar fhoireann.

Thug príomhoidí agus múinteoirí ó na trí chineál scoile le fios freisin go raibh córais mhaithe tacaíochta do scoláirí i bhfeidhm ina gcuid scoileanna.

Thug céatadán ard múinteoirí ar fud na n-earnálacha scoile ar fad le fios gur cheap siad go bhféadfadh scoláirí labhairt le duine fásta sa scoil dá mbeadh siad buartha nó trína chéile faoi chairdeas.

***Ag smaoineamh ar iompar bulaíochta – glacadh leis agus tuairisciú***

Thug beagnach gach leanbh agus duine óg a d'fhreagair i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta (92%) (653 scoláire) le fios nár glacadh le hiompar bulaíochta ina scoil an t-am ar fad nó an chuid ba mhó den am. Ba é an figiúr coibhéiseach i suíomhanna iar-bhunscoile ná 84%. Thug céatadán ard de thuismitheoirí leanaí agus daoine óga i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta (78%) le fios gur spreagadh iad chun imní faoi iompar bulaíochta a thuairisciú. Ba é céatadán na dtuismitheoirí iar-bhunscoile ná 69%.

Ina bhfreagraí suirbhé, d'aontaigh nó d'aontaigh go láidir an chuid ba mhó de thuismitheoirí leanaí agus daoine óga i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta (85%) agus daoine óga in iar-bhunscoileanna (79%), nár glacadh le hiompar bulaíochta i scoil a linbh. Thug an chuid ba mhó de na tuismitheoirí a raibh baint acu le bunscoileanna agus scoileanna speisialta (80%) le fios go ngníomhódh an scoil go pras agus go héifeachtach dá mba rud é go dtarlódh iompraíocht bulaíochta dá bpáiste. Ag an leibhéal iar-bhunscoile, thug 72% de thuismitheoirí le fios go ngníomhódh an scoil go pras agus go héifeachtach.

Thug mionlach de thuismitheoirí leanaí agus daoine óga i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta (29%) le fios gur tharla eachtra bulaíochta dá leanbh ar scoil. As na tuismitheoirí seo, d'aontaigh 61% nó d'aontaigh siad go láidir go raibh láimhseáil na scoile ar an eachtra éifeachtach agus bhí líon suntasach, 27% a d'easaontaigh nó a d'easaontaigh go mór. Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, thug 30% de na tuismitheoirí a d'fhreagair an suirbhé, le fios go raibh a leanbh páirteach in eachtra bulaíochta ar scoil. As na tuismitheoirí sin, bhí 54% a d'aontaigh nó a d'aontaigh go láidir go raibh láimhseáil na scoile ar an eachtra éifeachtach. Bhí líon suntasach, 31%, a d'easaontaigh nó a d'easaontaigh go mór go raibh bainistíocht na scoile ar eachtraí bulaíochta éifeachtach.

Ina gcuid freagraí ar an suirbhé, thug an chuid ba mhó de thuismitheoirí leanaí agus daoine óga a bhí ag freastal ar bhunscoileanna nó ar scoileanna speisialta (78%) le fios gur bhraith siad go raibh tacaíocht acu chun imní faoi bhulaíocht a thuairisciú. Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, d'aontaigh 69% de thuismitheoirí gur mhothaigh siad go raibh tacaíocht acu

chun imní faoi bhulaíocht a thuairisciú. Ina bhfreagraí ar gach ceann de na míreanna suirbhé seo, thug céatadán maith de na tuismitheoirí le fios nach raibh tuairim láidir acu. B'fhéidir gur tharla sé seo toisc nach raibh aon taithí dhíreach acu ar bhulaíocht sa scoil, nó d'fhéadfadh sé a thabhairt le fios ach an oiread nach raibh a dhóthain eolais acu faoi nósanna imeachta na scoile maidir le hiompar bulaíochta.

Ina gcuid freagraí ar an suirbhé, thug príomhoidí agus múinteoirí ar fud na dtrí chineál scoile le fios go comhsheasmhach nár glacadh le hiompar bulaíochta ina scoil.

I mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta, d'aontaigh príomhoidí agus múinteoirí gur tugadh aghaidh ar iompar bulaíochta go pras agus go héifeachtach agus gur tugadh tacaíocht do mhúinteoirí freagairt go cuí do thuairiscí ar iompar bulaíochta agus iad a bhainistiú. Ní raibh na múinteoirí in iar-bhunscoileanna chomh dearfach céanna, le 79% ag aontú gur dhéileáil an scoil le hiompar bulaíochta go pras agus go héifeachtach agus d'aontaigh 80% gur tugadh tacaíocht do mhúinteoirí freagairt go cuí do thuairiscí ar iompar bulaíochta agus iad a bhainistiú. Tá éagsúlacht le sonrú idir tuairimí na leanaí agus na ndaoine óga agus tuairimí fhoireann na scoile maidir le hairdeall na múinteoirí ar iompar bulaíochta i scoileanna.

**Tá éagsúlacht le sonrú idir tuairimí na leanaí agus na ndaoine óga agus tuairimí fhoireann na scoile maidir le hairdeall na múinteoirí ar iompar bulaíochta i scoileanna.**

# 3. Curaclam: teagasc agus foghlaim



***Foghlaim conas iompar bulaíochta a aithint***

Thug freagraí ón gcuid ba mhó de na páistí agus na daoine óga i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta (86%) agus ón gcuid ba mhó de na scoláirí i suíomhanna iar-bhunscoile (76%) le fios gur fhoghlaim siad ar scoil conas iompar bulaíochta a aithint. Mar an gcéanna, dheimhnigh céatadáin arda tuismitheoirí a raibh baint acu le bunscoileanna agus scoileanna speisialta (83%) agus le hiar-bhunscoileanna (78%) gur fhoghlaim a leanbh conas a aithint go raibh duine ag iarraidh bulaíocht a dhéanamh orthu nó ar dhuine eile. Ina theannta sin, i bhfreagraí an tsuirbhé, thug 92% de leanaí agus daoine óga a bhí ag freastal ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta agus 86% díobh siúd a bhí ag freastal ar iar-bhunscoileanna le fios gur fhoghlaim siad faoi chineálacha éagsúla iompair bulaíochta. D’aontaigh tuismitheoirí leanaí agus daoine óga i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta (74%) agus in iar-bhunscoileanna (77%) gur fhoghlaim a leanbh ar scoil faoi chineálacha éagsúla iompair bulaíochta.

***Foghlaim faoi bhulaíocht ar líne***

Ina bhfreagraí suirbhé, thug an chuid ba mhó de leanaí agus daoine óga i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta (84%) agus in iar-bhunscoileanna (80%) le fios gur fhoghlaim siad ar scoil conas idirghníomhú go hómósach ar líne. Thug tuismitheoirí a raibh baint acu le bunscoileanna agus scoileanna speisialta (68%) agus le hiar-bhunscoileanna (78%) le fios gur fhoghlaim a leanbh ar scoil conas iad féin a iompar go hómósach ar líne.

Ina dtráchtaireacht cháilíochtúil, léirigh go leor príomhoidí agus múinteoirí a n-imní faoi shábháilteacht leanaí agus daoine óga ar líne:

> *Is é an rud a thugaim faoi deara, rud is ábhar imní é, ná go bhfuil a fhios ag leanaí cad is bulaíocht ann, go bhfuil siad an-soiléir maidir le cad is cibearbhulaíocht ann, ach go bhfuil siad fós ag gabháil di.*

Rinne príomhoidí agus múinteoirí cur síos freisin ar an gcaoi, cé gur minic a tharla cibearbhulaíocht lasmuigh de thimpeallacht na scoile, ina raibh tionchar diúltach ag an toradh agus na hiarmhairtí ag eascairt uaidh ar eispéireas laethúil leanaí agus daoine óga ar an scoil:

> *Cé go bhfuil tréaniarracht déanta chun déileáil le ceisteanna na bulaíochta sa scoil, is dúshlán i gcónaí í an bhulaíocht ar líne do scoileanna. Is minic a bhímid ag déileáil le hiarmhairtí na bulaíochta ar líne a tharla lasmuigh d’uaireanta scoile, sa suíomh baile/pobail agus atá tar éis dul isteach sa lá scoile.*

Is gné riachtanach é an comhoibriú idir tuismitheoirí agus foireann na scoile chun bulaíocht ar líne a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi. Tá sé tábhachtach go mbeadh tuismitheoirí ar an eolas faoin úsáid a bhaineann a leanaí as an teicneolaíocht, lena n-áirítear fóin chliste agus consóil cluichíochta. Sa chás go mbíonn tionchar ag iompar bulaíochta ar líne ar scoileanna, ba chóir do scoileanna freagairt de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach ina mbeartas frithbhulaíochta.

**Is gné riachtanach é an comhoibriú idir tuismitheoirí agus foireann na scoile chun bulaíocht ar líne a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi.**

***Ag foghlaim faoi fhreagairt d'iompar bulaíochta***

Dhearbhaigh beagnach gach leanbh agus duine óg i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta (92%) gur fhoghlaim siad faoi na gníomhartha a ba cheart a dhéanamh dá mbeadh bulaíocht á déanamh orthu. I gcodarsnacht leis sin, bhí mionlach suntasach de dhaoine óga in iar-bhunscoileanna (27%) nach raibh muiníneach gur tugadh deis dóibh i gceachtanna an topaic seo a phlé. Thug tuismitheoirí scoláirí i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta (72%) agus in iar-bhunscoileanna (67%) le fios gur fhoghlaim a bpáiste ar scoil conas freagairt d'iompar bulaíochta.

***An luach a bhraitear a bhaineann le foghlaim faoi iompar bulaíochta***

D'aontaigh an chuid ba mhó de na leanaí agus na daoine óga (84%) i mbunscoileanna nó i scoileanna speisialta go raibh foghlaim faoi iompar bulaíochta sa seomra ranga ina chuidiú. Tá sé seo i gcodarsnacht leis na freagraí ó scoláirí ag an leibhéal iar-bhunscoile, áit a raibh mionlach suntasach de dhaoine óga (39%) éiginnte nó nár aontaigh go raibh an méid a d'fhoghlaim siad faoi iompar bulaíochta sa rang cabhrach.

***Deiseanna oibriú le daoine eile***

Thug beagnach gach leanbh agus duine óg i suíomhanna bunscoile agus speisialta (90%) le fios gur thug múinteoirí deiseanna rialta dóibh oibriú lena gcomhscoláirí ranga i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga. In iar-bhunscoileanna, os a choinne sin, thug céatadán i bhfad ní ba lú (77%) de scoláirí le fios go raibh deiseanna rialta acu oibriú i gcomhar le scoláirí eile. D'aontaigh beagnach gach leanbh agus duine óg i suíomhanna bunscoile agus speisialta (93%) go raibh plé déanta acu sa rang faoi idirghníomhú le daoine eile ar bhealach cairdiúil agus measúil. Thug mionlach suntasach de dhaoine óga (24%) in iar-bhunscoileanna le fios go raibh siad éiginnte nó nár aontaigh siad gur cuireadh deiseanna dá leithéid ar fáil dóibh.

***Soláthar i scoileanna chun foghlaim faoi iompar bulaíochta***
Bhí céatadán ard, ní ba mhó ná 80% de phríomhoidí agus múinteoirí sna trí chineál scoile, a d'aontaigh nó a d'aontaigh go láidir gur fhoghlaim leanaí agus daoine óga faoi na gnéithe seo a leanas den iompar bulaíochta:




Ó tharla go bhfuil an bhulaíocht san áireamh sa chlár Bí Sábháilte i mbunscoileanna agus in OSPS sa tsraith shóisearach, is ábhar iontais é go raibh tuairim is an cúigiú cuid de na príomhoidí agus na múinteoirí a bhí éiginnte nó nár aontaigh gur fhoghlaim leanaí agus daoine óga ina scoil faoi na gnéithe tábhachtacha seo den iompar bulaíochta.

Thug tráchtaireacht cháilíochtúil ó roinnt múinteoirí le fios go raibh feabhas tagtha ar chumas leanaí agus daoine óga cur síos a dhéanamh ar iompar bulaíochta. Mar shampla, thug múinteoir amháin faoi deara:

> *Tá an teanga cheart ag leanaí chun labhairt faoin mbulaíocht.*

# 4. Polasaí agus Pleanáil



***Cur amach ar bheartais***

In iar-bhunscoileanna agus bunscoileanna araon, thug cion suntasach de leanaí agus daoine óga (82 agus 88% faoi seach) le fios go raibh cur amach acu ar bheartas frithbhulaíochta a scoile. Cé go bhfuil sé seo dearfach den chuid is mó agus go léiríonn sé go bhfuil na straitéisí cumarsáide a chuirtear i bhfeidhm ag leibhéal na scoile éifeachtach i gcoitinne, tugann sé le tuiscint freisin go bhfuil líon suntasach leanaí agus daoine óga ann nach bhfuil eolach a dhóthain ar bheartas a scoile. Ba chóir do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta chun a mbeartas frithbhulaíochta a scaipeadh i measc a ndaonra scoláirí. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach i bhfianaise an róil ríthábhachtaigh a imríonn próisis chumarsáide laistigh de scoileanna sna struchtúir tacaíochta foriomlána a bhíonn i dtimpeallachtaí ionchuimsitheacha oideachais.

**Ba chóir do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta chun a mbeartas frithbhulaíochta a scaipeadh i measc a ndaonra scoláirí.**

Ina gcuid freagraí cáilíochtúla ar an suirbhé, leag roinnt múinteoirí béim ar an tábhacht a bhain le tuiscint chomhsheasmhach ar iompar bulaíochta agus luaigh siad imní faoin mbealach ina bhféadfadh dearcthaí ar iompar bulaíochta athrú ag brath ar aois an scoláire aonair:

> *Luaitear an iomarca le ‘pleidhcíocht’ agus ní chuirtear an beartas iompraíochta i bhfeidhm go comhsheasmhach chun dul i ngleic leis seo.*

***Comhroinnt beartas le tuismitheoirí***

D'aontaigh beagnach gach tuismitheoir thar gach cineál scoile (88% i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta agus 90% san iarbhunscoil) go bhfuair siad beartais scoile.

***Dearcadh na dtuismitheoirí ar éifeachtacht na mbeartas***

As na tuismitheoirí i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta a thug le fios go raibh a leanbh páirteach in eachtra bulaíochta ar scoil, thug ní ba mhó ná leath (57%) le fios gur chloígh an scoil lena mbeartas frithbhulaíochta. Níor léirigh 29% tuairim láidir agus léirigh an 13% eile easaontú nó easaontú láidir. As tuismitheoirí na scoláirí iar-bhunscoile a thug le fios go raibh a leanbh páirteach in eachtra bulaíochta ar scoil, thug tromlach (52%) le fios gur chloígh an scoil leis na nósanna imeachta a bhí leagtha amach sa bheartas frithbhulaíochta. I gcúpla cás (18%) le fios nach raibh sé seo amhlaidh. Thug timpeall 31% de thuismitheoirí le fios nach raibh tuairim láidir acu maidir leis an mír suirbhé seo.

***Dearcthaí na bpríomhoidí ar éifeachtacht na mbeartas***

D’aontaigh príomhoidí i mbunscoileanna, i scoileanna speisialta agus in iar-bhunscoileanna (100%) go mór mór go raibh a gcuid oibre á treorú go hiomlán ag beartas frithbhulaíochta na

scoile agus go raibh an beartas seo éifeachtach chun dul i ngleic le buarthaí bulaíochta. Ina dtráchtaireacht cháilíochtúil, rinne cúpla príomhoide cur síos ar an tionchar dearfach a bhí ag an gcur i bhfeidhm comhsheasmhach seo:

> Tá sé cruthaithe go bhfuil bearta coisctheacha agus freagairtí éifeachtúla agus tráthúla ar shaincheisteanna íseal-leibhéil an-éifeachtach chun cásanna iompair [bulaíochta] a laghdú.

***Athbhreithniú beartais bliantúil***

Thug tromlach na bpríomhoidí bunscoile, iar-bhunscoile agus scoile speisialta le fios go ndearna siad athbhreithnithe bliantúla ar a gcuid beartas frithbhulaíochta. Tugann sé seo le fios go bhfuil comhthiomantas do mheastóireacht, d'fheabhsú agus d'athbhreithniú leanúnach ar a gcuid oibre chun bulaíocht a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi.

***Muinín i rialacha na scoile***

D'aontaigh tromlach na leanaí agus na ndaoine óga i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta (76%) gur lean an chuid ba mhó dá bpiaraí na rialacha scoile mar a bhain le hiompar bulaíochta. Bhí mionlach suntasach (36%) de scoláirí iar-bhunscoile ann nár aontaigh go raibh a rialacha scoile éifeachtach chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air.

***Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí i bhforbairt beartais***

Cé gur thug tromlach na dtuismitheoirí le fios go bhfuair siad beartais, thug céatadán suntasach (60-58%) le fios nár lorg scoileanna a dtuairimí le linn forbairt beartais. Léiríonn an neamhréireacht seo go bhfuil gá le cineálacha cur chuige níos córasaí chun tuismitheoirí a bheith rannpháirteach i gceapadh beartais.

***Rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i bhforbairt beartais***

Níor dheimhnigh ach 63% de phríomhoidí i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta go raibh deiseanna ag leanaí agus daoine óga cur le forbairt beartais ábhartha agus in iar-bhunscoileanna, dhearbhaigh beagnach gach príomhoide (90%) rannpháirtíocht daoine óga. Léiríonn an éagsúlacht seo gur féidir go bhfuil neamhréireacht ann i rannpháirtíocht na scoláirí thar na trí chineál scoile éagsúla.

# 5. Caidrimh agus Páirtnéireachtaí



***Caidrimh leanaí agus daoine óga le piaraí***
Bíonn tionchar suntasach ag cáilíocht na gcaidreamh ar mhothú folláine an duine (Seligman, 2002). Bíonn tionchar suntasach ag cáilíocht a gcaidreamh sóisialta ar mhothú rannpháirtíochta leanaí agus daoine óga sa scoil agus ar an taitneamh a bhaineann siad aisti. Sa suirbhé, thug mionlach suntasach de leanaí agus de dhaoine óga i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta (23%) agus in iar-bhunscoileanna (37%) le fios nár aontaigh siad gur chaith a gcomhscoláirí go seasta ómósach le gach scoláire ina rang. Thug céatadán ard i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta (11%) agus in iar-bhunscoileanna (23%) le fios go raibh siad eisiata, uaireanta, ag a bpiaraí.

***Caidreamh leanaí agus daoine óga le daoine fásta sa scoil***
Tá an fhorbairt ar chaidrimh dhearfacha, chomhbhácha agus thacúla le scoláirí ina gné thábhachtach de chosc na bulaíochta ó lá go lá i scoileanna (Thornberg et al., 2022).
I mbunscoileanna agus scoileanna speisialta (94%) agus in iar-bhunscoileanna (81%) araon, thug leanaí agus daoine óga le fios gur bhraith siad go raibh meas ag na múinteoirí ina scoil orthu an chuid ba mhó den am nó an t-am ar fad agus gur aontaigh siad go dtabharfadh an fhoireann ina scoil treoir agus tacaíocht dóibh dá mbeidís buartha nó trína chéile (75-76%). D'aontaigh beagnach gach tuismitheoir leanaí i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta gur caitheadh go cóir agus go measúil le leanaí agus le daoine óga i scoil a linbh (91%). Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, bhraith an chuid ba mhó de na tuismitheoirí (79%) gur caitheadh go cóir agus go measúil le daoine óga i scoil a linbh.

**Tá an fhorbairt ar chaidrimh dhearfacha, chomhbhácha agus thacúla le scoláirí ina gné thábhachtach de chosc na bulaíochta ó lá go lá i scoileanna (Thornberg et al., 2022).**

***Duine fásta maith amháin***
Tá láithreacht duine fásta iontaofa ar cheann de na príomhtháscairí maidir le cé chomh maith agus is féidir le leanbh nó duine óg déileáil le fadhbanna (An Roinn Oideachais, 2019). Bhí príomhoidí agus múinteoirí muiníneach go raibh duine fásta ina scoil a bhféadfadh na leanaí agus na daoine óga labhairt leo dá mbeadh imní orthu nó dá mbeidís nó trína chéile faoi chairdeas (97% i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta agus 100% in iar-bhunscoileanna). Mar sin féin, ní raibh na torthaí ó leanaí agus ó dhaoine óga chomh dearfach céanna. Thug mionlach suntasach de na freagróirí i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta (23%) le fios nach mbraithfidís compordach i gcónaí ag caint lena múinteoir dá mbeadh bulaíocht á déanamh orthu, nó dá gceapfaidís go raibh bulaíocht á déanamh orthu. Ag an leibhéal iar-bhunscoile, thug thart ar dhá chúigiú (41%) de na scoláirí le fios nach mbraithfidís ar a gcompord i gcónaí ag caint le duine fásta ina scoil dá ndéanfaí bulaíocht orthu nó dá mba rud é gur shíl siad go raibh bulaíocht á déanamh orthu. Léiríonn na torthaí seo go bhfuil gá, go háirithe ag leibhéal na hiar-bhunscoile, le tuilleadh oibre a dhéanamh ag leibhéal na scoile le feabhas a chur ar nósanna imeachta chun imní faoi iompar bulaíochta a thuairisciú agus chun cultúr rannpháirtíochta agus muintearais a chothú i measc bhaill uile phobal na scoile.

**Tá láithreacht duine fásta iontaofa ar cheann de na príomhtháscairí maidir le cé chomh maith agus is féidir le leanbh nó duine óg déileáil le fadhbanna (An Roinn Oideachais, 2019).**

***Rannpháirtíocht na leanaí /daoine óga i gcosc na bulaíochta***

Aithnítear le freagairtí éifeachtacha ar iompar bulaíochta an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht scoláirí. Tá sé cruthaithe go mbíonn níos mó tionchair agus ratha ag tionscnaimh fhrithbhulaíochta nuair a dhéantar iad a dhearadh agus nuair a dhéantar meastóireacht orthu le leanaí agus le daoine óga (O'Higgins Norman et al., 2022). Dhearbhaigh líon suntasach leanaí agus daoine óga 51% in iar-bhunscoileanna agus 64% i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta gur iarradh orthu a gcuid smaointe a thabhairt maidir le conas iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air. As an ngrúpa seo bhí céatadán suntasach (46%-56%) nár aontaigh go raibh aon athrú bríoch mar thoradh ar a gcuid smaointe. Thug freagraí suirbhé ó thuismitheoirí le fios go raibh leibhéal comhchosúil éiginnteachta ann maidir leis an méid a chuir a gcuid tuairimí le bonn eolais agus múnlú ar obair na scoile chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air. Agus iad ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar iompar bulaíochta, ní mór do scoileanna idirphlé oscailte a chur chun cinn i measc na scoláirí uile agus iarracht a dhéanamh freisin rannpháirtíocht bhríoch a thabhairt do thuismitheoirí.

**Agus iad ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar iompar bulaíochta, ní mór do scoileanna idirphlé oscailte a chur chun cinn i measc na scoláirí uile agus iarracht a dhéanamh freisin rannpháirtíocht bhríoch a thabhairt do thuismitheoirí.**

***Dearcthaí na bpríomhoidí agus na múinteoirí ar chaidrimh agus ar chomhpháirtíochtaí***

Bhí príomhoidí i mbunscoileanna, i scoileanna speisialta agus in iar-bhunscoileanna (100%) dearfach faoin méid a chleachtaigh baill foirne scoile oscailteacht agus meas i ngach idirghníomhaíocht. Bhí na tuairimí seo ag beagnach gach múinteoir bunscoile agus scoile speisialta (92%) agus ag an gcuid ba mhó de na múinteoirí iar-bhunscoile (87%). Thug na múinteoirí eile le fios gur easaontaigh siad, gur easaontaigh siad go láidir, nó nach raibh aon tuairim láidir acu i leith na míre suirbhé seo.

# 6. Obair scoileanna chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air

## Tionchar ag leibhéal na scoile

Fiafraíodh de phríomhoidí agus de mhúinteoirí an bhféadfaidís cur síos a dhéanamh ar aon athruithe suntasacha a bhí ina scoil mar thoradh ar a gcuid oibre chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air. Rinneadh anailís ar na hathruithe a ndearna siad cur síos orthu agus rinneadh iad a chatagóiriú i dtéamaí leathana. Cuirtear na príomhthéamaí seo i láthair thíos agus liostaítear iad in ord íslitheach de réir na minicíochta tagartha. Tá samplaí den tráchtaireacht a fuair príomhoidí agus múinteoirí liostaithe faoi gach téama.

| Téama | Samplaí |
|---|---|
| An beartas frithbhulaíochta a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú | • Athbhreithniú rialta agus rannchuidiú ó mhúinteoirí agus ó scoláirí.<br>• Béim nua ar nuashonruithe beartais agus inrochtaineacht fhorleathan. |
| Cairdeas, cineáltas agus meas a fhorbairt | • Tús a chur le scileanna cairdis a mhúineadh agus meas ginearálta a chothú.<br>• Feasacht níos fearr ar iompraíochtaí beaga a chuireann le timpeallacht dhearfach.. |
| Cur chuige atá dírithe ar athchóiriú | • Béim ar chleachtais aisiríocha a úsáid chun saincheisteanna a réiteach.<br>• Rannpháirtíocht níos mó ag gach páirtí i réiteach teagmhais. |
| An timpeallachta fhisiceach a oiriúnú | • Balla folláine a bhunú ar a bhfuil tuairimí dearfacha.<br>• Béim nua ar iompar dearfach a chur chun cinn trí phóstaeir agus taispeántais. |
| Córais éifeachtacha mhaoirseachta | • Béim ar mhaoirseacht leanúnach i rith an lae scoile.<br>• Deiseanna bulaíochta a íoslaghdú trí mhaoirseacht láidir. |

## An beartas frithbhulaíochta a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú

> *Déantar athbhreithniú bliantúil ar ár mbeartas frithbhulaíochta agus tugtar deis do gach múinteoir cur leis chomh maith leis na páistí. Tá an beartas nuashonraithe agus tá sé ar fáil go héasca do chách.*
>
> [Freagra suirbhé - Múinteoir iar-bhunscoile]

Ba chóir go mbeadh ról ag gach páirtí leasmhar i bpobal na scoile chun dul i ngleic le hiompar bulaíochta. Ba cheart an aidhm atá le scoil saor ó bhulaíocht a thógáil a thuiscint mar fhreagracht roinnte (O'Higgins Norman, 2022). Is straitéis réamhghníomhach í athbhreithniú bliantúil ar an mbeartas frithbhulaíochta a chur i bhfeidhm, le rannpháirtíocht bhríoch múinteoirí, leanaí agus daoine óga agus a dtuismitheoirí sa phróiseas seo agus is féidir leis cur chuige scoile a neartú go suntasach maidir le cultúr scoile comhbhách agus ionchuimsitheach a chur chun cinn. Le cur chuige dá leithéid déantar deimhin de go bhfanann beartas frithbhulaíochta na scoile ábhartha agus freagrúil do riachtanais phobal na scoile. Aithnítear le rannpháirtíocht na múinteoirí sa phróiseas athbhreithnithe a léargais agus a n-eispéiris agus cuirtear san áireamh iad agus ceadaítear freisin tuiscint níos fearr a fháil ar na dúshláin atá le sárú ag leibhéal na scoile aonair.

**Is straitéis réamhghníomhach í athbhreithniú bliantúil ar an mbeartas frithbhulaíochta a chur i bhfeidhm, le rannpháirtíocht bhríoch múinteoirí, leanaí agus daoine óga agus a dtuismitheoirí sa phróiseas seo agus is féidir leis cur chuige scoile a neartú go suntasach maidir le cultúr scoile comhbhách agus ionchuimsitheach a chur chun cinn.**

I dtorthaí an taighde leagtar béim gur chóir go mbeadh cláir um chosc na bulaíochta rannpháirteach sa chaoi is gur féidir le leanaí agus daoine óga foghlaim conas freagracht chuí a ghlacadh as a sábháilteacht féin agus sábháilteacht a bpiaraí. (O' Higgins Norman et al., 2022; Menesini et al., 2021). Trí leanaí agus daoine óga a bheith rannpháirteach sa chur i bhfeidhm agus san athbhreithniú ar bheartas frithbhulaíochta a scoile cumasaítear iad mar rannpháirtithe gníomhacha chun pobal scoile dearfach, sábháilte agus tacúil a chruthú. Cothaítear braistint riachtanach úinéireachta agus freagrachta comhroinnte leis an gcur chuige comhoibríoch seo. Mar thoradh ar an mbeartas nuashonraithe a bheith ar fáil go héasca do na páirtithe leasmhara go léir, cinntítear trédhearcacht agus inrochtaineacht, rud a ligeann do gach ball de phobal na scoile a bheith ar an eolas faoi na straitéisí atá i bhfeidhm. Tugtar cumhacht dóibh freisin réimsí tosaíochta le haghaidh forbartha a aithint in atriallta an bheartais amach anseo. Ní hamháin go n-éascaítear cur chun feidhme an bheartais ar bhealach níos comhsheasmhaí, ach cuirtear cumarsáid oscailte chun cinn

freisin, rud atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt go pras ar bhuarthaí agus teagmhais. Le cur chun cinn rannpháirtíocht ghníomhach na múinteoirí, na dtuismitheoirí agus na leanaí agus na ndaoine óga cuirtear le beartas scoile frithbhulaíochta atá dinimiciúil agus inoiriúnaithe. Cuidítear leis seo, ar a seal, le hailíniú níos fearr a chinntiú le tiomantas Cineáltas do thimpeallachtaí foghlama ionchuimsitheacha measúla a chothú.

## Uirlisí a fhorbairt chun cairdeas, cineáltas agus meas a chothú

> *Leagann ár scoil an-bhéim anois ar theagasc agus ar fhorbairt scileanna cairdis na scoláirí. Ón bhfeasacht ar iompar an-bheag go dtí meas agus cineáltas níos ginearálta.*
>
> [Freagra suirbhé - Múinteoir bunscoile]

Le teagasc soiléir scileanna sóisialta soláthraítear na scileanna praiticiúla do leanaí agus do dhaoine óga atá riachtanach chun cabhrú le cásanna a bhaineann le bulaíocht agus cairdeas. Tá an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil na scileanna riachtanacha ag leanaí agus ag daoine óga chun déileáil le cairdeas lárnach don churaclam OSPS/OCG atá ann cheana agus nuashonraithe ar fud bunscoileanna, scoileaanna speisialta agus iar-bhunscoileanna. Is féidir le cur chun cinn gníomhartha cineáltais a bheith ina fhrithghníomh cumhachtach ar iompar bulaíochta. Tá sé ríthábhachtach freisin tacaíocht a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga an scil a fhorbairt maidir le caitheamh le daoine eile le meas; ní mór dóibh a fháil amach, cé nach bhfuil an dualgas orthu go dtaitneodh gach duine leo ná go mbeidís ina gcairde le gach duine ina bpobal scoile, go gceanglaítear orthu, i gcónaí, caitheamh le daoine eile le meas.

**Le teagasc soiléir scileanna sóisialta soláthraítear na scileanna praiticiúla do leanaí agus do dhaoine óga atá riachtanach chun cabhrú le cásanna a bhaineann le bulaíocht agus cairdeas.**

Mar a aibhsítear in Cineáltas, cothaítear le pobail scoile atá ceangailte caidrimh agus comhpháirtíochtaí dearfacha. Trí thacú le leanaí agus daoine óga na scileanna a theastaíonn uathu chun cairdeas sláintiúil a dhéanamh a fhorbairt agus a chleachtadh, cabhrófar le pobail scoile a chruthú agus a chothú atá dearfach, ómósach agus ionchuimsitheach.

## Díriú ar athchóiriú seachas ar an milleán

> *Bainimid úsáid as cleachtais aisiríocha chun cabhrú le leanaí fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn a réiteach. Ligeann sé seo do gach páirtí a d'fhéadfadh a bheith páirteach in eachtra a dtaobh féin den scéal a insint. Ag brath ar nádúr na saincheiste/imní, b'fhéidir go mbeadh ar mhúinteoirí, baill den fhoireann bhainistíochta ionscoile nó tuismitheoirí a bheith páirteach i gcéim an chiorcail réitigh.*
>
> [Freagra suirbhé - Múinteoir bunscoile]

Dírítear le cleachtais aisiríocha ar an ngá atá le caidrimh a athbhunú nuair atá díobháil nó coinbhleacht tarlaithe. Le comhpháirt réamhghníomhach na gcur chuige sin dírítear ar chaidrimh shláintiúla a chothú laistigh de thimpeallacht foghlama atá dearfach agus ionchuimsitheach. Dírítear ar dhíobháil a dheisiú leis an an gcomhpháirt fhreagrúil.

Maidir le cineálacha cur chuige atá aisiríoch seachas cúlaitheach, a mbíonn baint ag na páirtithe leasmhara go léir leo amhail ceannairí scoile, múinteoirí, tuismitheoirí, leanaí agus daoine óga, is féidir leo tacú le caidreamh a chothú agus cuntasacht á cur chun cinn ag an am céanna. Is idirghabhálacha páisteláraithe iad atá deartha chun mothú freagrachta pearsanta agus sóisialta an duine a neartú. Trí bhéim shoiléir a chur ar athchóiriú seachas milleán, is féidir cabhrú le scileanna tábhachtacha a chur chun cinn agus a fheabhsú amhail an cumas comhbhá a dhéanamh agus oibriú i gcomhar le chéile chun teacht ar réitigh ar fhadhbanna sonracha. Nuair a úsáideann scoil go rathúil iad, is féidir leo laghdú a dhéanamh ar úsáid na mbeart níos pionósaí amhail fionraíocht agus díbirt, rud a chuireann le timpeallacht atá níos dearfaí agus atá dírithe ar an leanbh (Huang et al., 2023). Tá sé tábhachtach a admháil freisin go bhfuil roinnt débhrí ann maidir le tuiscint, cleachtas agus cur i bhfeidhm na gcleachtas aisirígh i scoileanna (Darling-Hammond et al., 2020); agus gur chóir do mhúinteoirí a chinntiú go bhfuil cur chuige agus straitéisí comhaontaithe tomhaiste agus bunaithe ar fhianaise. Is é an rud atá tábhachtach ná nár cheart cleachtais aisiríocha a chur i bhfeidhm ag múinteoirí a bhfuil an oiliúint chuí faighte acu in úsáid na gcur chuige sin. Mar atá aibhsithe in Cineáltas, ba chóir oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil chun cumas múinteoirí a neartú maidir le straitéisí bainistíochta ranga a úsáid atá páisteláraithe agus comhbhách araon.

**Maidir le cineálacha cur chuige atá aisiríoch seachas cúlaitheach, a mbíonn baint ag na páirtithe leasmhara go léir leo amhail ceannairí scoile, múinteoirí, tuismitheoirí, leanaí agus daoine óga, is féidir leo tacú le caidreamh a chothú agus cuntasacht á cur chun cinn ag an am céanna.**

.

## An timpeallacht fhisiceach a oiriúnú

> *Tá balla folláine cruthaithe ag an scoil ar a bhfuil nótaí greamaitheacha de thuairimí dearfacha agus pléitear é seo ag gach tionóil.*
>
> [Freagra suirbhé - Múinteoir bunscoile]

Tá raon bealaí ann inar féidir le dearadh timpeallacht na scoile dul i bhfeidhm ar iompar bulaíochta. Cé go bhfuil sé ríthábhachtach foirgnimh scoile a dhearadh agus a chothabháil go cuí, tá eagrú agus cur i láthair timpeallacht inmheánach na scoile tábhachtach freisin. Tacaítear le folláine na scoláirí le timpeallachtaí fisiceacha oiriúnaithe, rud a chuireann cultúr agus timpeallacht scoile dearfach chun cinn. Cé go bhfuil sé seo ábhartha do gach leanbh agus duine óg, tá sé thar a bheith tábhachtach dóibh siúd a bhí faoi lé tráma, strus agus iad siúd a bhfuil riachtanais céadfacha sonraithe acu.

Is féidir le scoileanna bearta praiticiúla, cost-éifeachtúla a dhéanamh chun timpeallacht shábháilte a sholáthar inar féidir tacú le leanaí agus le daoine óga a bheith níos suaimhní agus níos rialaithe. Mar shampla, is féidir spásanna céadfacha a chruthú i gcomhar leanaí agus daoine óga agus iad a úsáid i rith an lae scoile. Ba chóir do dhaoine fásta atá ag maoirsiú amanna clóis seaicéid ard-infheictheachta a chaitheamh lena chinntiú go bhfuil siad sofheicthe agus éasca le haithint. Is féidir scátháin a chur ar dhorchlaí chun infheictheacht a mhéadú; laghdóidh sé seo spotaí dalla, rud a fhágann go mbeidh sé níos éasca monatóireacht a dhéanamh ar iompar bulaíochta. Ba chóir do mhúinteoirí monatóireacht a dhéanamh ar ghluaiseacht leanaí agus daoine óga timpeall na scoile agus bearta a dhéanamh chun réimsí brú tráchta sóisialta a laghdú. Is féidir le bacainní boga (plandaí, suíocháin, troscán) cuidiú le cúrsaíocht agus le sreabhadh daoine, rud a laghdóidh carnadh agus an dóchúlacht go dtarlóidh teagmhais.

Is féidir le gnéithe aeistéitiúla scoile cuidiú le braistint láidir nascachta a chothú, rud a fhágann go mothaíonn leanaí agus daoine óga go bhfuil cúram orthu, go bhfuil siad sábháilte agus go dtacaítear leo. Is féidir le bealach isteach fáilteach cuidiú le ton dearfach a bhunú do gach lá, rud a mhéadaíonn an fhoghlaim agus an rannpháirtíocht. Leis na hoiriúnuithe sin, cuidíonn le muintearas a chruthú, rud ar féidir tionchar láithreach a bheith aige ar iompraíochtaí bulaíochta. Cuireann taispeántais d'obair leanaí agus daoine óga, póstaeir agus múrmhaisiú bealach praiticiúil eile ar fáil do scoileanna chun a n-éiteas, luachanna agus struchtúir thacaíochta a thabhairt chun suntais.

**Cuireann taispeántais d'obair leanaí agus daoine óga, póstaeir agus múrmhaisiú bealach praiticiúil eile ar fáil do scoileanna chun a n-éiteas, luachanna agus struchtúir thacaíochta a thabhairt chun suntais.**

## Córais éifeachtacha mhaoirseachta

> *Tá an mhaoirseacht láidir sa scoil – déantar maoirsiú leanúnach ar na leanaí i rith an lae scoile chun aon deiseanna bulaíochta a laghdú.*
>
> [Freagra suirbhé - Múinteoir bunscoile]

Tá sé de dhualgas ar mhúinteoirí gach réamhchúram réasúnach a ghlacadh chun sábháilteacht agus folláine na leanaí agus na ndaoine óga a bhfuil siad freagrach astu a chinntiú. Tá freagracht aonair agus comhchoiteann orthu dualgas cúraim a sholáthar i gcónaí do na leanaí agus na daoine óga a mhúineann siad.

Le Cineáltas: *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* leagtar amach conas a chaithfidh scoileanna déileáil lena gcuid scoláirí chun tacú le tionscnaimh fhrithbhulaíochta agus folláine atá faoi stiúir na scoláirí agus iad a chur chun cinn. Tá an Bille Cairte á chur chun cinn faoi láthair ag an Roinn, a dhéanfaidh foráil d'fhorbairt Treoirlínte Cairte a neartóidh guth agus rannpháirtíocht leanaí, daoine óga, a dtuismitheoirí agus fhoireann na scoile i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm beartais scoile, amhail an beartas maoirseachta.

Ba chóir do scoileanna dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir, lena n-áirítear leanaí, daoine óga agus a dtuismitheoirí, lena chinntiú go bhfuil beartais agus cleachtais chuí mhaoirseachta agus mhonatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú nuair is féidir.

**Ba chóir do scoileanna dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir, lena n-áirítear leanaí, daoine óga agus a dtuismitheoirí, lena chinntiú go bhfuil beartais agus cleachtais chuí mhaoirseachta agus mhonatóireachta i bhfeidhm.**

## Samplaí de chleachtas éifeachtach arna roinnt ag príomhoidí

Iarradh ar phríomhoidí cur síos a dhéanamh ar ghnéithe d'obair a scoile i réimse na frithbhulaíochta a bhí, ina dtaithí féin, thar a bheith éifeachtach. Seo a leanas sleachta dhíreacha a tógadh ó fhreagraí na bpríomhoidí.

### Rinne príomhoidí bunscoile cur síos orthu seo…

*Cruthaítear timpeallacht scoile ina gcothaítear iompar dearfach, ionchuimsitheacht, comhionannas, difríocht, meas agus dínit, cuirtear fáilte roimpi agus déantar í a cheiliúradh.*

*Ag teacht ar leanaí agus iad ag caitheamh go deas le leanaí eile.*

*'Rud Deas' agus 'Gradaim an Phríomhoide'.*

*Toghcháin chomhairle na scoláirí ina gcuireann na páistí a bhforógra féin chun cinn.*

*Bosca moltaí ina molann scoláirí athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh timpeall na scoile.*

*Eagraíonn ár CRSanna gníomhaíochtaí do Sheachtain na Néar-éagsúlachta do na ranganna agus tugann siad cainteanna do na bliainghrúpaí.*

*Is fócas mór dúinn mar scoil é an t-imeascadh droim ar ais agus tá sé feicthe againn gur fhorbair daltaí mothúchán láidir comhbhá agus tuisceana i leith piaraí a bhfuil riachtanais bhreise acu*

*Tá an-rath ar threalamh ar an gclós súgartha a athraíonn go rialta.*

*Taispeántar póstaeir frithbhulaíochta in áiteanna feiceálacha agus cuirtear póstaeir a spreagann dea-iompraíocht ar taispeáint freisin i suíomhanna príomha.*

*Iarraim ar an bhfoireann nasc a dhéanamh le ceachtanna Webwise ar shábháilteacht ar líne.*

*Tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuirfí ar chumas na bpáistí seasamh in aghaidh na bulaíochta a mhúineadh san OSPS agus go neamhfhoirmiúil i rith an lae.*

*Níl teagasc an chláir Bí Sábháilte soshannta.*

*Is mór againn Caifé Cairdis ina meascann ranganna chun taitneamh a bhaint as lón le chéile.*

*Léirímid meas agus comhbhá do na páistí agus mar shampla cleachtann siad na tréithe seo agus mar sin caitheann siad go cothrom agus go cineálta le gach duine.*

*Bíonn ár bhfreagairt don bhulaíocht tomhaiste i gcónaí ach láithreach. Is mór an cuidiú é a bheith cothrom d'fhonn riachtanais an linbh atá ag déanamh bulaíochta a fheiceáil chun ár rátaí bulaíochta a ísliú thar na blianta.*

*Cosc. Cosc. Cosc. Is é mo mhantra gurb é an bealach is fearr le bulaíocht a chosc i scoileanna ná maoirseacht agus forairdeall.*

*Creidimid go bhfuil sé ríthábhachtach caidreamh a athbhunú agus muid ag déileáil le saincheisteanna.*

*Is acmhainn iontach é 'Feachtas Frithbhulaíochta'.*

*Bhí glór na scoláirí an-tábhachtach nuair a bhí ár mbeartas á athdhréachtú againn.*

*Bainimid úsáid as Rátáil do Lá nuair a chuireann leanaí in iúl don mhúinteoir go príobháideach conas atá siad ag mothú le taispeáint shimplí mhéara thar a gceann agus gach súl dúnta. Aithnítear saincheisteanna go tapa agus is féidir leo cabhrú freisin an t-am den lá is cúis leis an strus is mó do leanaí a aithint, am sosa, am lóin srl.*

## Rinne príomhoidí iar-bhunscoile cur síos orthu seo…

*Cultúr a fhorbairt ina mothaíonn scoláirí sábháilte ag labhairt le ball foirne faoi rún chun ábhar imníoch atá acu a roinnt. Ag caint faoi le rang/bliainghrúpaí/aoichainteoirí atá bainteach leis chun an bealach nach nglacfar leis a chur in iúl.*

*Teachtaireachtaí comhsheasmhacha i dtaca le neamhfhulaingt ag leibhéal an ranga.*

*Spreagtar na scoláirí ar fad chun a bheith lánpháirteach go hiomlán i saol phobal na scoile trí pháirt a ghlacadh i raon leathan imeachtaí seach-churaclaim.*

*Tá sé cruthaithe go bhfuil sé éifeachtach iompraíocht ionsaitheach/imeaglach a tharlaíonn ó am go chéile a dhoiciméadú.*

*Oideachas Saoránachta Domhanda: Leabaithe mar mhodúl iomlán na hIdirbhliana.*

*Cuirimid iallach ar an ionadaí ranga an chairt frithbhulaíochta a shíniú thar ceann a gcuid ranga ag tús gach bliana agus cuirtear é seo i roinnt spotaí radhairc timpeall na scoile.*

*Cuidíonn breathnóireacht leanúnach go mór.*

*An córas meantóireachta a úsáid – córas deartháir mór, deartháir beag.*

*Bíonn seachtainí téamacha againn i rith na bliana. Dírítear ar bhulaíocht go díreach agus go hindíreach le seachtain an chairdis agus seachtain na folláine Cuidítear le seachtain théamach le scoláirí a chur ar an eolas faoi na tacaíochtaí atá i bhfeidhm agus cuireann cainteoirí agus imeachtaí tacaíochtaí ar fáil don fhoireann agus do scoláirí.*

*Tá córas cumarsáide maith againn sa scoil ina bhfuil go leor bealaí éagsúla ag daoine chun nascadh le cibé duine a bhfuil siad ar a gcompord. Is cosúil go n-oibríonn sé seo go han-mhaith.*

# 7. Tuairimí leanaí agus daoine óga a ndearnadh bulaíocht orthu

Tá an tuarascáil seo suite laistigh de chomhthéacs níos leithne de chur chuige atá bunaithe ar chearta, atá dírithe ar an leanbh, a chinntíonn go ndéantar dearcthaí na leanaí agus na ndaoine óga a mbíonn tionchar díreach ag cinntí beartais orthu a mheas, a chloisteáil agus go ngníomhaítear orthu (Lundy, 2007). Tá torthaí an tsuirbhé maidir le dearcthaí leanaí agus daoine óga ar a dtaithí ar iompar bulaíochta curtha i láthair sa roinn seo a leanas.

## Taithí ar iompar bulaíochta i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta

Ina bhfreagraí suirbhé, thug duine as gach ceathrar de na leanaí agus na daoine óga a bhí ag freastal ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta le fios go ndearna scoláirí ina scoil bulaíocht orthu.

Maidir leis na leanaí agus na daoine óga sin a dúirt gur rinneadh iompar bulaíochta orthu, rinneadh tuilleadh iniúchta ar a dtuairimí ar raon saincheisteanna. Áiríodh ar na saincheisteanna na fáthanna ar bhraith siad gur roghnaíodh iad don iompar bulaíochta, na gníomhartha a rinne siad mar fhreagra ar an iompraíocht seo agus a measúnú ar na bearta a chuir an scoil i bhfeidhm chun an cás a réiteach.

D'iarr an suirbhé ar scoláirí cuimhneamh cé acu an ndearnadh bulaíocht orthu nó nach ndearnadh agus más ea, nádúr na hidirghníomhaíochta nó na tráchtaireachta dímheasúla ó scoláirí eile a rá. Áiríodh leis an raon roghanna:




Níor cheadaigh an mhír suirbhé seo catagóirí iolracha a roghnú. D'aithin mionlach suntasach (35%) dearcthaí leithcheala i leith a gcuma mar an phríomhchúis le tráchtaireacht dhiúltach ó scoláirí eile. D'aithin siad freisin, cé go pointe ní ba lú, tuairimí diúltacha maidir lena spéiseanna éilithe nó braite (11%), cumas (10%), stíl mhaireachtála (9%) agus cúlra (3%) mar chúiseanna dóchúla le tráchtaireacht dá leithéid. Luaigh mionlach suntasach leanaí agus daoine óga (32%) 'eile' mar chúis le tráchtaireacht dhiúltach.

D’fhéadfadh sé seo a léiriú gur bhraith na freagróirí go raibh an díriú orthu ag a bpiaraí, le tráchtaireacht gan iarraidh agus naimhdeach, á thiomáint ag ní ba mhó ná fachtóir amháin, lena n-áiríodh iad siúd a tugadh le fios roimhe seo. Tá sé seo ar aon dul le torthaí taighde ina n-aibhsítear conas is féidir le tréithe éagsúla amhail cine, eitneachas agus inscne, nascadh lena chéile chun iompar leithcheala agus bulaíochta a mhealladh (Garnett, 2014). Ina bhfreagraí suirbhé, thug tromlach na leanaí agus na ndaoine óga (63%) le fios gur inis siad do dhuine fásta sa scoil go raibh bulaíocht á déanamh orthu agus thug mionlach suntasach (37%) le fios nár inis siad do dhuine fásta.

De réir na leanaí agus na ndaoine óga, dhéileáil tromlach na scoileanna (63%) leis an mbulaíocht go tapa nuair a fuair siad amach fúithi. Thug mionlach suntasach scoláirí (37%) le fios nár ghníomhaigh an scoil go tapa. Thug tromlach na leanaí agus na ndaoine óga (70%) le fios gur chabhraigh an scoil leo nuair a rinneadh bulaíocht orthu agus thug mionlach suntasach (30%) le fios nár chabhraigh an scoil leo.

Thug tromlach na leanaí agus na ndaoine óga (59%) a ndearnadh bulaíocht orthu agus a d’inis do dhuine fásta sa bhunscoil nó sa scoil speisialta faoin mbulaíocht, le fios nár cuireadh stop leis an mbulaíocht mar thoradh ar ghníomhartha na scoile. Níor iarradh ar leanaí agus ar dhaoine óga tuilleadh eolais a thabhairt faoina gcuid freagraí ar an mír suirbhé seo; níor iarr an suirbhé orthu faisnéis bhreise a sholáthar maidir leis an bhfáth ar bhraith siad nach raibh tionchar ag na gníomhartha a rinne an scoil ar an iompar bulaíochta. D’ainneoin an easpa eolais comhthéacsúil, tá an toradh seo nach raibh deireadh leis an mbulaíocht tar éis gníomhartha na scoile a dhéanamh an-suntasach.

**Tá an toradh seo nach raibh deireadh leis an mbulaíocht tar éis gníomhartha na scoile a dhéanamh an-suntasach.**

## Taithí ar iompraíocht bulaíochta in iar-bhunscoileanna

Thug timpeall duine as gach cúigear (21%) de dhaoine óga in iar-bhunscoileanna le fios go ndearna comhscoláirí bulaíocht orthu ina scoil.

I gcás na leanaí agus na ndaoine óga sin a d'aithin go raibh taithí acu ar iompar bulaíochta, thug timpeall trian de dhaoine óga (34%) le fios go ndearnadh bulaíocht orthu mar gheall ar a gcuma. Thug tuairim is deichiú cuid le fios gur eascair an iompar bulaíochta as fachtóirí amhail a gcúlra aitheanta (13%), stíl mhaireachtála (12%) agus spéiseanna (10%). Thug díreach faoi bhun an deichiú cuid (7%) le fios go raibh siad den tuairim go ndearnadh bulaíocht orthu mar gheall ar a gcumas. Ina gcuid freagraí, níor iarradh ar dhaoine óga aon fhaisnéis bhreise a sholáthar maidir leis an mír suirbhé seo. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir idirdhealú a dhéanamh idir iad siúd a bhraith go ndearnadh bulaíocht orthu toisc go raibh riachtanas breise foghlama acu, ná na daoine óga sin a bhraith go ndearnadh bulaíocht orthu toisc go raibh siad sárchumasach. Ar aon chuma, is toradh comhsheasmhach ón taighde go bhféadfadh leanaí agus daoine óga i ngach ceann de na grúpaí seo a bheith i mbaol níos mó ó iompar bulaíochta (Espelage et al., 2018; O'Moore et al., 2021). Ina gcuid freagraí suirbhé, rinne líon beag (23%) tagairt do chúiseanna ‘eile’ mar chúis dhóchúil na

tráchtaireachta diúltaí. Thug níos mó ná leath de na scoláirí iar-bhunscoile a ndearnadh suirbhé orthu (51%) a d’fhulaing iompar bulaíochta le fios gur thuairiscigh siad é do dhuine fásta ina scoil agus thug beagán ní ba lú ná leath (49%) le fios nár nocht siad na heachtraí.

Thug tromlach na ndaoine óga (76%) le fios go raibh foireann na scoile cabhrach agus go dtabharfaidís treoir agus tacaíocht dá mbeidís buartha nó trína chéile. Dar leo siúd a d’fhulaing bulaíocht, thug an tromlach (62%) le fios gur thug an scoil aghaidh ar an gceist go pras tar éis di foghlaim fúithi, cé gur thug mionlach suntasach (38%) le fios nár ghníomhaigh an scoil sách tapa. Mar an gcéanna, thug an chuid ba mhó de na daoine óga (66%) le fios gur chabhraigh an scoil leo nuair a rinneadh bulaíocht orthu agus bhí mionlach suntasach (34%) nár dheimhnigh gur chabhraigh an scoil leo. Ina measc siúd a ndearnadh bulaíocht orthu, thug an tromlach (61%) le fios nár tháinig deireadh leis an iompar bulaíochta mar gheall ar idirghabhálacha na scoile. Tá an toradh seo ar aon dul leis an gcinneadh ó na bunscoileanna agus na scoileanna speisialta agus ba chóir go mbeadh sé ina thosaíocht le haghaidh gnímh thar gach leibhéal den chóras oideachais.

# 8. Príomhthorthaí agus moltaí

## Cultúr agus timpeallacht

Bhí an dearcadh foriomlán ar scoileanna mar thimpeallachtaí fáilteacha dearfacha do leanaí agus do dhaoine óga comhsheasmhach i measc go leor freagróirí. Bhí na freagraí ó fhoireann na scoile, ó thuismitheoirí agus ón gcuid ba mhó de na bpáistí agus na daoine óga dearfach ar an iomlán maidir leis an mír suirbhé seo. Mar sin féin, bhí sciar suntasach de leanaí agus de dhaoine óga, go háirithe ag leibhéal na hiar-bhunscoile, nár aontaigh gur chuir a scoil timpeallacht fháilteach dhearfach ar fáil an chuid ba mhó den am nó an t-am ar fad. Dheimhnigh príomhoidí d'aonghuth gur sprioc ríthábhachtach dá bpobal scoile é tacú le leanaí agus daoine óga mothú muintearais agus ceangail a fhorbairt. Bhí an meon sin le sonrú i mbeagnach gach freagra ó mhúinteoirí.

Mar sin féin, bhí tuairim is an deichiú cuid de scoláirí bunscoile agus scoile speisialta nár mhothaigh muintearas ach ó am go chéile nó go hannamh, nó nár mhothaigh riamh muintearas, ná go raibh sé sábháilte iad féin a chur in iúl go barántúil ar scoil. Léirigh tuairim is aon trian de na daoine óga in iar-bhunscoileanna mothúcháin chosúla.

I gcás an chuid ba mhó de na leanaí agus na daoine óga, chuir infhaighteacht ghníomhaíochtaí am lóin agus iarscoile lena ndearcadh ar a scoil mar áit fháilteach dhearfach. D'aithin tuismitheoirí, príomhoidí agus múinteoirí na gníomhaíochtaí seo mar chuidiú luachmhar le hatmaisféar dearfach a chruthú. Ina gcuid freagraí cáilíochtúla, luaigh leanaí agus daoine óga na buntáistí iomadúla a bhaineann le gníomhaíochtaí amhail peil, díospóireachtaí agus clubanna fichille. Is modh fianaise-bhunaithe é gníomhaíochtaí den sórt sin a sholáthar chun rannpháirtíocht, scileanna sóisialta a chur chun cinn agus féadtar ionchuimsiú gach linbh agus duine óig a chinntiú, go háirithe iad siúd a bhíonn ag streachailt leis an easpa struchtúir le linn tréimhsí áineasa.

Cé go raibh comhdhearcadh ann nár glacadh le hiompar bulaíochta i scoileanna, léirigh leanaí agus daoine óga go raibh easpa muiníne acu i gcumas múinteoirí comharthaí iompair bulaíochta a aithint go seasta. Bhí an dearcadh seo ní ba fhorleithne i measc scoláirí iar-bhunscoile. Mar sin, tá sé ríthábhachtach go mbeadh tuiscint níos fearr ag múinteoirí ar an mbulaíocht agus go bhfuil siad in ann idirdhealú a dhéanamh idir cineálacha éagsúla iompraíochta bulaíochta. Tríd a n-idirghníomhaíochtaí le leanaí, ba chóir dóibh a chur in iúl go soiléir go dtuigeann siad conas déileáil le hiompar bulaíochta agus a n-inniúlacht chun aghaidh a thabhairt air a léiriú. Ba chóir dóibh a bheith réamhghníomhach maidir le leanaí a chur ar a suaimhneas maidir lena gcumas freagairt go cuí d'iompar bulaíochta.

Cé gur dheimhnigh beagnach gach leanbh agus duine óg go ndearna múinteoirí maoirsiú orthu le linn tréimhsí caithimh aimsire, mheas an tromlach, mar scoláirí, nár chuathas i gcomhairle leo faoi réimsí agus faoi amanna ina mbeadh gá le maoirseacht bhreise. Ní féidir an iomarca béime a leagan ar an tábhacht a bhaineann le maoirseacht agus le cruthú spáis shábháilte do leanaí agus do dhaoine óga chun idirghníomhú, súgradh agus sóisialú ar scoil. Is féidir le timpeallacht agus tailte na scoile dul i bhfeidhm go mór ar mhinicíocht iompar

bulaíochta agus is “spotaí te” féideartha iad dorchlaí, seomraí ranga, ceaintíní, clóis súgartha agus limistéir taisceadán ina bhféadfadh iompar bulaíochta tarlú. Léiríonn taighde freisin gur mó an seans go mbíonn iompar bulaíochta ann le linn “amanna te” nuair nach mbíonn múinteoirí i láthair; tuigeann leanaí agus daoine óga go maith na hamanna agus na láithreacha seo ina bhféadfadh siad féin nó a bpiaraí a bheith i mbaol níos mó (Francis et al., 2022).

## Príomhréimsí le feabhsú

- Ba chóir do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí leanaí aonair agus daoine óga a aithint go gníomhach a bhféadfadh tacaíocht spriocdhírithe a bheith ag teastáil uathu agus an ról ríthábhachtach atá ag tuismitheoirí sa phróiseas aitheantais seo a aithint.
- Ba chóir do scoileanna leanúint lena n-iarrachtaí chun éagsúlacht gníomhaíochtaí ábhartha a sholáthar le linn tréimhsí áineasa agus ag an am céanna béim a leagan ar an ngá atá le freastal ar raon roghanna agus spéiseanna agus gné de rogha a chur san áireamh do scoláirí.
- Ba chóir go gcuirfeadh scoileanna fíordheiseanna ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga a gcumas gníomhúcháin a fheidhmiú maidir le hiompar bulaíochta. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle le leanaí agus le daoine óga agus go mbeadh baint bhríoch acu le cainteanna faoi iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi agus, go háirithe, faoi shocruithe maoirseachta.
- Ba cheart do cheannairí scoile, tar éis dul i gcomhairle le leanaí agus daoine óga, iniúchadh a eagrú ar thimpeallacht fhisiciúil na scoile. Sna limistéir ina bhfuil an t-iompar bulaíochta is forleithne, ba cheart dóibh an timpeallacht fhisiciúil a oiriúnú. Cuidíonn bearta phraiticiúla ar nós scátháin a chur isteach agus bacainní boga ar nós troscáin nó gléasra, chun eachtraí iompraíochta bulaíochta a laghdú. Ba chóir go mbeadh daoine fásta a dhéanann maoirsiú le linn amanna clóis sofheicthe agus airdeallach.
- Ní mór do cheannairí scoile a chinntiú go dtugtar tacaíocht imleor do mhúinteoirí chun an bhulaíocht a aithint agus aghaidh a thabhairt go héifeachtach uirthi. Ba chóir cur i bhfeidhm OSPS ar fud na scoile a bhreithniú go rialta ag cruinnithe foirne; ba chóir do mhúinteoirí samplaí den dea-chleachtas a phlé agus a roinnt chun a gcumas a fhorbairt le hidirghabháil chuí a dhéanamh agus le cur le torthaí rathúla i gcásanna bulaíochta.

Leagtar amach i Cineáltas: Plean Gníomhaíochta faoin mBulaíocht (2023-2027) roinnt tionscnamh atá dírithe ar chultúr agus timpeallacht scoile atá dearfach agus cuimsitheach a chothú. Áirítear leis na tionscnaimh seo próiseas aitheantais a chur i bhfeidhm, arna thacú le soláthar bratach Cineáltas a chur ar fáil do gach scoil, chun aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí atá ar bun ag scoileanna chun iompar bulaíochta a chosc agus chun

comhionannas, ionchuimsiú, éagsúlacht agus folláine a chur chun cinn. Ina theannta sin, baineann an plean le treoirlínte a fhorbairt chun foirne tacaíochta do mac léinn a bhunú i mbunscoileanna móra agus chun rannpháirtíocht gníomhach páistí, daoine óga agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí a chinntiú. Forbróidh an Chigireacht meastóireacht freisin chun measúnú a dhéanamh ar straitéisí scoileanna chun folláine a thacú agus a chur chun cinn agus bulaíocht a chosc. Ina theannta sin, iarrann an plean go ndéanfaí athbhreithniú ar threoirlínte deartha scoile chun a chinntiú go bhfuil timpeallachtaí oideachais sábháilte, solúbtha, cuimsitheach agus inoiriúnaithe do riachtanais atá ag teacht chun cinn. Tá na gníomhartha seo deartha chun tacú le muintearais agus sábháilteachta i measc na scoláirí agus na foirne, ag cur le pobal scoile atá tacúil agus nasctha.

## Curaclam: teagasc agus foghlaim

Bhí tuismitheoirí, príomhoidí agus múinteoirí ar fud gach cineál scoile ar aon intinn i gcoitinne go raibh deiseanna ag leanaí agus daoine óga ar scoil foghlaim faoi iompar bulaíochta. Laistigh de seo, dheimhnigh príomhoidí agus múinteoirí freisin go raibh deiseanna ag leanaí agus daoine óga foghlaim faoi go leor cineálacha éagsúla iompair bulaíochta. Ba léir óna gcuid freagraí suirbhé gur aontaigh leanaí agus daoine óga i gcoitinne gur fhoghlaim siad conas iompar bulaíochta a aithint. D’aontaigh an chuid ba mhó freisin gur fhoghlaim siad ar scoil faoi conas idirghníomhú go hómósach ar líne.

Cé go bhféadfadh beagnach gach leanbh agus duine óg i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta a dhearbhú gur fhoghlaim siad conas idirghníomhú go dearfach le daoine eile agus conas freagairt d’iompar bulaíochta, ní raibh torthaí daoine óga in iar-bhunscoileanna chomh dearfach céanna. Mhothaigh mionlach suntasach nár tugadh dóthain deiseanna dóibh plé a dhéanamh ar an gcaoi le hidirghníomhú ar bhealach cairdiúil agus ómósach agus na bearta a ba cheart a ghlacadh dá mbeadh bulaíocht á déanamh orthu. Mheas an chuid ba mhó de leanaí agus daoine óga i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta go raibh a gcuid foghlama sa seomra ranga faoi iompar bulaíochta ina chuidiú, ach bhí céatadán suntasach de dhaoine óga in iar-bhunscoileanna nár mheas gurb amhlaidh an scéal dóibh. Is fiú an toradh seo maidir le daoine óga in iar-bhunscoileanna a fhiosrú ag leibhéal na scoile.

Téama athfhillteach sa taighde is ea ról suntasach na foghlama comhoibríche maidir le hiompar bulaíochta a chosc; Aithnítear foghlaim chomhoibritheach dea-eagraithe mar straitéis éifeachtach chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air ar scoil. Feictear go méadaíonn cur chuige comhoibríoch i leith an teagaisc agus na foghlama mothú ceangail agus muintearas i measc leanaí agus daoine óga, rud a fhágann go mbíonn cinnteoireacht agus comhbhá níos fearr ann (Keating et al., 2021). Sa suirbhé, d’aontaigh beagnach gach páiste agus duine óg i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta gur cuireadh deiseanna rialta ar fáil dóibh oibriú lena gcomhscoláirí ranga i mbeirteanna agus i ngrúpaí beaga. In iar-bhunscoileanna, áfach, bhí beagnach ceathrú de na daoine óga nár aontaigh gur thug a gcuid múinteoirí deiseanna rialta dóibh oibriú le scoláirí eile i mbeirteanna ná i ngrúpaí beaga. Léiríonn sé seo go bhfuil gá le múinteoirí in iar-bhunscoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar a gcur chuige reatha i leith seachadadh

curaclaim, lena chinntiú go bhfuil modheolaíochtaí comhoibríocha mar chuid lárnach dá gcur chuige i leith teagaisc agus foghlama.

## Príomhréimsí le feabhsú

• Is ábhar éigeantach curaclaim é Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) i ngach bunscoil agus sa tsraith shóisearach iar-bhunscoile. Tá Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) ag teastáil ag gach leibhéal, ón mbunscoil go dtí an tsraith shinsearach. Ba chóir do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí a chinntiú go gcuirtear an curaclam OSPS i bhfeidhm ina iomláine, ionas go dtugtar tacaíocht chuí do leanaí agus do dhaoine óga chun na scileanna saoil a fhorbairt a theastaíonn agus iad ag fás aníos i sochaí atá ag éirí níos casta.

• Ba chóir do mhúinteoirí iar-bhunscoile a chinntiú go bhfoghlaimíonn scoláirí faoi iompar bulaíochta ar bhealach a fhreastalaíonn ar a gcuid riachtanas agus a ullmhaíonn iad don todhchaí. Chuige seo agus mar atá aitheanta in Cineáltas, moltar go gcuirfí i bhfeidhm clár fianaise-bhunaithe, freagrúil ó thaobh an chultúir de agus a oireann d’aois amhail FUSE. Moltar freisin do mhúinteoirí úsáid a bhaint as na hacmhainní atá forbartha ag Webwise chun tacú leo saoránacht dhigiteach agus sábháilteacht ar líne a chomhtháthú ina gcur chuige teagaisc agus foghlama.

• Ba chóir do mhúinteoirí iar-bhunscoile a chinntiú go bhfaigheann scoláirí deiseanna rialta oibriú i gcomhar lena bpiaraí.

Leagann an Cineáltas: Plean Gníomhaíochta faoin mBulaíocht (2023-2027) béim ar an tábhacht a bhaineann le Curaclam, Teagasc, agus Foghlaim chun timpeallacht oideachais chuimsitheach agus thacúil a chothú. I measc na bpríomhthionscnaimh atá leagtha amach sa phlean gníomhaíochta oiliúint do mhúinteoirí faoi oiliúnt, do mhúinteoirí nuacháilithe, do cheannairí scoile agus d’fhoireann uile na scoile ar conas bulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu, chomh maith le comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsiú agus folláine a chur chun cinn. Cinntíonn an plean go bhfuil rochtain ag gach scoil ar an gclár frithbhulaíochta agus sábháilteachta ar líne FUSE, le modúil bhreise á bhforbairt. Áiríonn sé freisin athbhreithniú a dhéanamh ar na chreataí curaclaim OSSP, OCG, agus Creatchuraclam na Bunscoile, chomh maith leis na Treoirlínte Idirchultúrtha do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Ina theannta sin, cinntíonn sé go léiríonn an litríocht agus na téacsleabhair a úsáidtear ag múineadh an curaclam níos leithne, éagsúlacht an tsochaí go dearfach agus go gcuireann siad comhionannas agus ionchuimsiú chun cinn. Tá na gníomhartha seo deartha chun timpeallacht foghlama níos cuimsithí agus níos tacúla a chruthú do gach scoláire agus ball foirne.

## Beartas agus pleanáil

Thug an chuid ba mhó de na leanaí agus na naoine óga ar fud na suíomhanna scoile uile le fios go raibh cur amach acu ar bheartas frithbhulaíochta a scoile. Dhearbhaigh an chuid ba mhó freisin go raibh treoirlínte i bhfeidhm ina scoil maidir le húsáid shábháilte agus ómósach na teicneolaíochta.

Maidir le rialacha scoile agus iompar bulaíochta, bhí codarsnacht idir tuairimí na ndaoine óga in iar-bhunscoileanna agus tuairimí na leanaí agus na ndaoine óga i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta. I mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta, thug leanaí agus daoine óga le fios gur aontaigh siad gur chuidigh rialacha na scoile le bulaíocht a chosc agus gur lean an chuid ba mhó dá bpiaraí na rialacha maidir le hiompar bulaíochta; ach ní raibh ní ba mhó ná an tríú cuid de na daoine óga san iar-bhunscoil chomh muiníneach céanna maidir leis an dá ábhar seo.

Ar an iomlán, d’aontaigh príomhoidí agus múinteoirí go raibh obair na scoile chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air bunaithe go hiomlán ar bheartas na scoile agus go raibh an beartas seo á chur i bhfeidhm go comhsheasmhach. Cé gur aontaigh múinteoirí i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta go ginearálta go raibh an beartas seo éifeachtach chun dul i ngleic le hiompar bulaíochta, ní raibh an oiread sin muiníne ag beagnach trian de mhúinteoirí iar-bhunscoile ina leith seo.

Cé gur aontaigh tuismitheoirí go ginearálta gur roinneadh beartais scoile a linbh leo, thug timpeall dhá thrian le fios nár lorgaíodh a dtuairimí i bhforbairt na mbeartas seo. D’aontaigh múinteoirí den chuid ba mhó go raibh baint acu le forbairt agus le hathbhreithniú beartais ach thug siad le fios nach raibh siad chomh cinnte faoin méid a chuir tuismitheoirí, leanaí agus daoine óga leis an bpróiseas seo. Thug príomhoidí le fios, áfach, gur tugadh deiseanna do thuismitheoirí, do leanaí agus do dhaoine óga cur le hathbhreithniú agus forbairt beartais.

Soláthraítear le beartas frithbhulaíochta na scoile ionchais, treoir agus comhsheasmhacht atá soiléir do phobal na scoile. Le beartas éifeachtach, treoraítear cur chuige na scoile chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air. Sna suirbhéanna, cheistigh roinnt múinteoirí éifeachtúlacht an bheartais, mar aon lena mhéid a bhí baint ag pobal na scoile i gcoitinne le forbairt agus athbhreithniú beartais. Thug freagraí an tsuirbhé ó dhaoine óga in iar-bhunscoileanna le fios freisin go raibh roinnt amhrais ann faoin méid a bhí rialacha scoile éifeachtach chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air.

Mar chuid den athbhreithniú bliantúil ar an mbeartas frithbhulaíochta, ba chóir do cheannairí scoile luach braite agus tionchar foriomlán an bheartais frithbhulaíochta agus an chóid iompair a mheas agus ag an am céanna a chinntiú go bhfuil deiseanna bríocha ag an bpobal scoile i gcoitinne chun cur leis an bpróiseas seo. Cé gur freagracht phobail roinnte é iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air i scoileanna, ba cheart do scoileanna athbhreithniú agus meastóireacht rialta a dhéanamh ar thionchar na mbeart atá i bhfeidhm acu. Beidh cur i bhfeidhm comhsheasmhach na meicníochtaí tuairiscithe agus maoirseachta atá leagtha amach in Cineáltas ríthábhachtach chun tacú le pobail scoile dul i ngleic go sásúil le líomhaintí faoi iompar bulaíochta.

Léirítear sna torthaí taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ar iompar bulaíochta i gcoitinne, cé go bhfuil tuiscint ghinearálta ag múinteoirí ar iompar bulaíochta, go bhfuil gá le heolas níos sainiúla (Mahon et al., 2020). Léirítear é seo sna sonraí ó shuirbhé na múinteoirí, áit a raibh mionlach suntasach a bhraith nach raibh dóthain comhairle ná oiliúint faighte acu maidir le hiompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air. I gcodarsnacht leis sin, thug an chuid ba mhó de na príomhoidí le fios gur cuireadh an chomhairle agus an oiliúint seo ar fáil. Is léir go bhfuil gá le plé agus rannpháirtíocht leanúnach ag leibhéal na scoile maidir le hiompar bulaíochta a aithint agus le straitéisí cuí chun bulaíocht a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi; agus maoirseacht chomhsheasmhach níos fadtéarmaí a choimeád ar bun maidir le cultúir láidre freagrúlachta do cheist na bulaíochta de gach cineál a fhorbairt i scoileanna. Ba chóir do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí plé agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar chur chuige scoile uile freisin maidir le hiompar bulaíochta chun tuiscint chomhsheasmhach ar bheartais ábhartha a chinntiú.

Tá sé léirithe ag torthaí an tsuirbhé go bhfuil bearna shuntasach idir tuairimí na bpríomhoidí maidir leis an gcomhairle agus an oiliúint a chuirtear ar fáil do mhúinteoirí chun tacú leo ina gcuid oibre chun bulaíocht a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi agus tuairimí na múinteoirí féin.

Tá freagracht ghairmiúil ar mhúinteoirí a gcuid riachtanas oideachais agus oiliúna a chur in iúl ionas gur féidir leo, le tacaíocht ó bhainistíocht na scoile, a chinntiú go bhfuil na deiseanna foghlama gairmiúla a chuirtear ar fáil dóibh ailínithe go cuí lena riachtanais reatha. Caithfidh sé seo tarlú ar bhonn córasach agus leanúnach. Beag beann ar a riachtanais oiliúna, tá freagracht ghairmiúil ar mhúinteoirí timpeallacht foghlama atá sábháilte agus dearfach a sholáthar do na scoláirí ina scoil.

Thug trí cheathrú de leanaí agus daoine óga i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta le fios gur aithin siad an ról a bhí acu chun iompar bulaíochta a chosc agus thug siad le fios go raibh siad feasach ar a thábhachtaí atá sé iompar bulaíochta a thuairisciú. Mar sin féin, bhí beagán os cionn trian de na daoine óga in iar-bhunscoileanna nach raibh cinnte gur thuig scoláirí ina scoil go raibh ról acu maidir le hiompar bulaíochta a chosc agus ní raibh siad muiníneach gur thuig na scoláirí go léir ina scoil an tábhacht a bhaineann le hiompar bulaíochta a thuairisciú. Léiríonn torthaí an tsuirbhé go dteastaíonn tuilleadh tacaíochta ó dhaoine óga in iar-bhunscoileanna chun a ról a aithint agus a chomhlíonadh maidir le hiompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air. D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt air seo mar chuid den fhoghlaim sa seomra ranga faoi iompar bulaíochta agus trí ról leanaí agus daoine óga i bhforbairt agus athbhreithniú beartais a chur chun cinn.

## Príomhréimsí le feabhsú

- Ba chóir do cheannairí scoile a chinntiú go nglactar cur chuige scoile uile maidir leis an athbhreithniú bliantúil ar an mbeartas frithbhulaíochta; ba chóir go mbeadh deiseanna fiúntacha ag pobal na scoile i gcoitinne cur leis an bpróiseas seo.

- Ba chóir do mhúinteoirí a chinntiú go ngníomhaíonn siad d'aon ghnó agus go réamhghníomhach chun timpeallachtaí scoile a chruthú agus a chothú atá ionchuimsitheach, dearfach agus sábháilte do gach leanbh agus duine óg. Ba chóir dóibh oibriú le bainistíocht na scoile chun a riachtanais oideachais agus oiliúna a aithint lena chinntiú go bhfuil na deiseanna foghlama a chuirtear ar fáil dóibh ag teacht lena gcuid riachtanas. Beag beann ar a riachtanais oiliúna, ba chóir go mbeadh múinteoirí feasach ar a bpríomhfhreagracht ghairmiúil chun timpeallacht shábháilte dhearfach a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga.

- Ba chóir do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí a chinntiú go bhfuil sé de chumhacht ag leanaí agus daoine óga iompar bulaíochta a aithint agus a bheith muiníneach go mbeidh a fhios acu conas tacaíocht a thuairisciú agus a lorg nuair a bhíonn sé de dhíth orthu. Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, ba chóir go mbeadh ról lárnach ag an bhfoireann tacaíochta scoláirí laistigh den scoil; ba cheart go mbeadh sé ar an meicníocht uileghabhálach trína gcuirtear gníomhartha ar mhaithe le leas agus folláine gach duine óig chun cinn. Tríd a gcóras atreoraithe, is féidir leis an bhfoireann tacaíochta scoláirí a chinntiú go bhfuil fóram i bhfeidhm chun buarthaí a ghlacadh ó bhaill foirne faoi iompar bulaíochta. Is féidir leo cabhrú freisin le hathbhreithniú a dhéanamh ar shainriachtanais na scoile agus pleanáil do thionscnaimh scoile uile mar fhreagra ar na riachtanais sin.

Is fiú a lua go n-áirítear i Cineáltas: Plean Gníomhaíochta faoin mBulaíocht (2023-2027) gníomhartha suntasacha atá deartha chun beartais oiriúnaitheacha agus freagracha a fhorbairt chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi i scoileanna. Áirítear leis na príomhthionscnaimh nuashonrú a dhéanamh ar na nósanna imeachta frithbhulaíochta do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, tacaíocht agus treoir a sholáthar maidir le bulaíocht a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi, agus meicníochtaí tuairiscithe, maoirseachta agus athbhreithnithe a fheabhsú. Forbrófar na nósanna imeachta seo, atá le foilsiú in 2024, le hionchur ó gach ball de phobal na scoile. Cuirfear oiliúint ar fáil do gach ball foirne scoile, tuismitheoirí/caomhnóirí, agus baill an bhoird bhainistíochta. Ina theannta sin, forbrófar bunachar sonraí náisiúnta chun sonraí anaithnidithe a bhailiú do thuairisc náisiúnta bhliantúil ar bhulaíocht i scoileanna. Áirítear leis an bplean freisin nuashonrú a dhéanamh ar na Treoirlínte maidir le Cód Iompair a Fhorbairt do Scoileanna 2008. Tá sé mar aidhm ag na bearta seo, i measc nithe eile, timpeallacht chomhoibríoch a chruthú inar féidir le gach duine oibriú le chéile chun bulaíocht a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi go héifeachtach.

## Caidrimh agus comhpháirtíochtaí

I gcoitinne, d’aontaigh leanaí agus daoine óga ar fud na dtrí chineál scoile go raibh meas ag a múinteoirí orthu. Deimhníodh an toradh dearfach seo freisin i bhfreagraí ó thuismitheoirí. Is ábhar imní é, áfach, go raibh cuid shuntasach de na leanaí agus de na daoine óga nár aontaigh go raibh meas ag a gcomhscoláirí ar gach ball dá rang. Ina theannta sin, thug duine as gach deichniúr leanaí agus daoine óga i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta le fios go raibh siad eisiata ag a bpiaraí i rith an lae scoile. Ba é an figiúr comhfhreagrach ag leibhéal na hiar-bhunscoile ná timpeall ar scoláire amháin as gach ceathrar. Teastaíonn freagairt éifeachtach ar fud an chórais ag gach leibhéal do chodán na leanaí agus na ndaoine óga a thug le fios go raibh dímheas orthu nó go raibh siad eisiata ag a bpiaraí.

Ba léir go raibh tuairimí codarsnacha ann maidir le roinnt míreanna suirbhé a bhain le dearcthaí leanaí agus daoine óga faoin mbealach a ndéanfaidís idirghníomhaíocht lena múinteoir dá mbeadh cabhair ag teastáil uathu. Cé gur thug na leanaí agus na daoine óga le fios go raibh siad muiníneach go ginearálta go gcabhródh a múinteoir leo dá mbeidís trína chéile nó buartha, léirigh freagraí suirbhé ó thart ar dhuine amháin as gach ceathrar leanaí bunscoile agus scoile speisialta agus daoine óga go raibh amhras áirithe orthu maidir le hinsint faoi rún lena múinteoir faoi iompar bulaíochta. Ceathrar as gach deichniúr scoláire ab ea an figiúr comhfhreagrach ag an leibhéal iar-bhunscoile. Tá codarsnacht mhór idir an toradh seo agus tuairimí na bpríomhoidí agus na múinteoirí a bhí beagnach d’aon ghuth ina dtuairim go bhféadfadh leanaí agus daoine óga labhairt le duine fásta sa scoil dá mbeidís buartha nó trína chéile.

Cé gur thug beagnach gach leanbh agus duine óg le fios go bhféadfaidís “duine fásta maith amháin” a shainaithint a bhféadfaidís dul i dteagmháil leo dá mbeadh cabhair ag teastáil uathu, is léir ó thorthaí an tsuirbhé go bhfuil bac soiléir ag leanaí agus daoine óga maidir leis an tuairisciú faoi iompar bulaíochta. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí machnamh cúramach ar na cúiseanna atá leis an drogall seo ag leibhéal na scoile aonair. In éineacht leis na Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile nuashonraithe atá ag teacht, ba chóir go mbeadh an t-eolas seo mar threoir do na gníomhartha a chaithfidh scoil a dhéanamh chun cur lena nósanna imeachta chun imní faoi bhulaíocht a thuairisciú agus chun cultúr comhbhá agus muintearais a chothú i measc na mball uile de phobal na scoile.

Luann O’Higgins Norman (2020) go bhfuil tionscnaimh frithbhulaíochta níos éifeachtaí má dhéantar iad a choimisiúnú, a dhearadh agus a mheas le leanaí agus le daoine óga. Cé gur thug freagraí suirbhé ó leanaí agus daoine óga ar fud bunscoileanna, scoileanna speisialta agus iar-bhunscoileanna le fios go raibh siad ar aon intinn go ginearálta gur lorgaíodh a dtuairimí maidir le conas a d’fhéadfadh a scoil iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air, bhí tuairim is leath díobh a bhí éiginnte nó nár aontaigh go raibh tionchar suntasach ag na tuairimí sin ar obair na scoile. Is dúshlán mór é, nuair a bhíonn ceart linbh a bheith rannpháirteach á chur i bhfeidhm, a chinntiú go ndéanann daoine fásta níos mó ná díreach éisteacht le leanaí agus le daoine óga. I gcomhthéacs iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air, ba chóir do scoileanna a chinntiú go nglactar go dáiríre le

tuairimí leanaí agus daoine óga trína léiriú go bhfuil siad toilteanach ligean do na tuairimí sin dul i bhfeidhm orthu (Lundy, 2007).

Ina bhfreagraí ar an suirbhé, thug tuismitheoirí le fios go raibh siad éiginnte nó nár aontaigh siad go raibh a dtuairimí mar bhonn eolais agus mar mhúnla ar na scoile chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air.

## Príomhréimsí le feabhsú

- Ba chóir go n-oibreodh múinteoirí go réamhghníomhach lena chinntiú go bhfuil gach leanbh agus duine óg a bhfuil siad freagrach astu san áireamh go hiomlán i gcultúr, i gcuraclam agus i bpobal a scoile.
- Is féidir drogall a bheith ar leanaí agus daoine óga atá ag fulaingt iompair bulaíochta a n-eispéiris dhiúltacha a thuairisciú agus is féidir le nádúr an tuairiscithe seo cur as do roinnt daoine. Ceann de na príomhthéamaí a d’eascair as próiseas comhairliúcháin Cineáltas ba é an gá le raon de chuir chuige éifeachtacha a fhorbairt laistigh de scoileanna chun tuairisciú sábháilte ar iompar bulaíochta a chumasú. Ba chóir go n-oibreodh scoileanna chun feabhas a chur ar a nósanna imeachta maidir le himní faoi iompar bulaíochta a thuairisciú lena chinntiú go mothaíonn leanaí agus daoine óga go bhfuil siad ábalta tuairisciú agus go bhfreagraíonn scoileanna go héifeachtach do na tuairiscí sin.
- Ní mór do cheannairí scoile oibriú i gcomhar lena chéile d’fhonn a chinntiú go léirítear raon leathan d’eispéiris, léargais agus riachtanais phobal na scoile i gcoitinne in obair na scoile chun timpeallacht a chruthú ina mothaíonn gach leanbh agus duine óg go bhfuil fáilte rompu, go bhfuil siad sábháilte agus slán agus go bhfuil tacaíocht ann dóibh.

Tá sé tábhachtach a aithint go leagann an Cineáltas: Plean Gníomhaíochta faoin mBulaíocht (2023-2027) béim ar an tábhacht a bhaineann le Caidhreamh agus na Comhpháirtíochtaí chun comhthuiscint agus comhoibriú a fheabhsú i measc leanaí, daoine óga, a dteaghlaigh, agus pobal na scoile. Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil roinnt gníomhartha dírithe ar chaidrimh agus comhpháirtíochtaí dearfacha a fhorbairt agus a leabú, lena n-áirítear seirbhís tacaíochta comhairleoireachta a phíolótú i mbunscoileanna agus tacú le hobair an Ionaid Frithbhulaíochta, Webwise, agus Seachtain Feasachta ar BeLongTo Stand Up. Tá se mar aidhm ag na gníomhartha seo caidrimh agus comhpháirtíochtaí níos láidre a chothú, ag soláthar deiseanna do gach duine atá páirteach tuiscint agus tacaíocht níos fearr a thabhairt dá chéile.

# Aguisín I Táblaí – Scoileanna Rannpháirteacha

***Scoileanna rannpháirteacha***

Áiríodh raon cineálacha agus comhthéacsanna scoile sa sampla scoileanna a ndeachthas i dteagmháil leo don suirbhé. Cé gur roghnaíodh na scoileanna ar dtús ag baint úsáid as sampláil randamach chuspóireach, fágadh aon scoil a bhí sceidealaithe le haghaidh meastóireachta fógartha mar chuid de chlár pleanáilte meastóireachtaí na Cigireachta, as an áireamh sa sampla deiridh. Ba é an réasúnaíocht a bhí leis seo ná an t-ualach ar na scoileanna rannpháirteacha a íoslaghdú.

As an 110 príomhoide scoile a ndearnadh teagmháil leo, d'aontaigh 106 príomhoide páirt a ghlacadh. Léiríonn Tábla A an miondealú earnála laistigh den fhigiúr foriomlán seo.

***Tábla A: Scoileanna rannpháirteacha***

| | Bunscoil | Speisialta | Iar-bhunscoil | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Cineál Scoile | 51 | 7 | 48 | 106 |

***Teagmháil tosaigh le scoileanna***

Fuair na príomhoidí sna 106 scoil rannpháirteach glaoch gutháin ón gCigireacht i rith na seachtaine 1 Bealtaine 2023. Tar éis na teagmhála tosaigh seo, chuir an Chigireacht na naisc do na suirbhéanna éagsúla ar aghaidh trí ríomhphost agus iarradh ar an scoil na naisc a dháileadh ar na rannpháirtithe. D'fhan na suirbhéanna ar oscailt go dtí deireadh an ghnó ar 9 Bealtaine 2023.

***Líon na bhfreagróirí***

Léiríonn Tábla B líon na bhfreagróirí do gach cineál suirbhé. Ní raibh ar leanaí agus daoine óga i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta a gcineál scoile a shainaithint agus mar sin is ionann an figiúr atá tugtha agus an figiúr comhiomlán don ghrúpa seo.

| Tábla B: Catagóirí freagróirí do gach cineál scoile | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Bunscoil | Speisialta | Iar-bhunscoil | Iomlán |
| Leanaí agus daoine óga | 653 | | 1,693 | 2,346 |
| Tuismitheoirí | 1,443 | 22 | 1,913 | 3,378 |
| Múinteoirí | 271 | 11 | 530 | 812 |
| Príomhoidí | 41 | 2 | 21 | 64 |

Rinneadh anailís ar na sonraí cainníochtúla; íoslódáladh sonraí uimhriúla maidir le míreanna suirbhé ón ardán suirbhé agus cuireadh i láthair iad i bhformáid táblaí. Eagraíodh na táblaí go téamach, ag teacht leis na príomhréimsí ón Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais. Códaíodh sonraí cáilíochtúla trí úsáid a bhaint as anailís téamach. Scrúdaíodh na sonraí seo chun téamaí coitianta a aithint agus forbraíodh córas códaithe chun na torthaí a eagrú.

***Faisnéis bhreise a bhain le dáileadh suirbhéanna***

- Rinne ríomhphost a scaipeadh ar phríomhoidí cur síos ar chuspóir an tsuirbhé.
- Áiríodh nóta faisnéise do gach grúpa freagróirí. Thug an nóta seo sonraí maidir le rúndacht agus an ceart chun tarraingt siar.
- Iarradh ar an bpríomhoide ríomhphost a chur ar aghaidh chuig na múinteoirí agus na tuismitheoirí. Áiríodh sa ríomhphost chuig múinteoirí an nasc chuig an suirbhé múinteoirí. Áiríodh sa ríomhphost do thuismitheoirí na naisc chuig an suirbhé ar thuismitheoirí agus ar leanaí/duine óg araon.

# Leabharliosta


- An Roinn Oideachais (2019). Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais.
- An Roinn Oideachais (2021). Foirne Tacaíochta do Scoláirí Iar-Bhunscoileanna: Treoir chun Foireann a Bhunú nó Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhFoireann Reatha (2021).
- An Roinn Oideachais (2022). Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht: Cur chuige Oideachais Uile na hÉireann chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi i scoileanna.
- An Roinn Oideachais (2023). Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht – Plean Forfheidhmithe 2023-2027
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2013). Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile.
- Bronfenbrenner, U. (1979). The ecology of human development: Experiments by nature and design. Cambridge, MA: Harvard University Press
- Darling-Hammond, S., Fronius, T. A., Sutherland, H., Guckenburg, S., Petrosino, A., & Hurley, N. (2020). Effectiveness of Restorative Justice in US K-12 Schools: a Review of Quantitative Research. Contemporary School Psychology, 24(3), 295–308. https://doi.org/10.1007/s40688-020-00290-0
- Espelage, D. L., & King, M. T. (2018). Bullying and the gifted. In S. I. Pfeiffer, E. Shaunessy-Dedrick, & M. Foley-Nicpon (Eds.), APA handbook of giftedness and talent (pp. 659–669). American Psychological Association.
- Foody, M., Samara, M., & O'Higgins Norman, J. (2017). Bullying and cyberbullying studies in the school-aged population on the island of Ireland: A meta-analysis. British Journal of Educational Psychology, 87(4), 535-557.
- Francis, J., Trapp, G., Pearce, N., Burns, S., & Cross, D. (2022). School Built Environments and Bullying Behaviour: A Conceptual Model Based on Qualitative Interviews. International Journal of Environmental Research and Public Health, 19(23), 15955. https://doi.org/10.3390/ijerph192315955
- Garnett, B. R., Masyn, K. E., Austin, S. B., Miller, M., Williams, D. R., & Viswanath, K. (2014). The intersectionality of discrimination attributes and bullying among youth: An applied latent class analysis. Journal of youth and adolescence, 43, 1225-1239.
- Higgins A; Downes C; O'Sullivan K; de Vries J; Molloy R; Monahan M; Keogh B; Doyle L; Begley T; Corcoran P; (2024), *Being LGBTQI+ in Ireland: The National Study on the*

*Mental Health and Wellbeing of the LGBTQI+ Communities in Ireland*. Belong To and Trinity College Dublin.

- Huang, F. L., Gregory, A., & Ward-Seidel, A. R. (2023). The Impact of Restorative Practices on the Use of Out-of-School Suspensions: Results from a Cluster Randomized Controlled Trial. Prevention Science, 24(5), 962–973. https://doi.org/10.1007/s11121-023-01507-3
- Keating, S., & Collins, B. (2021). Bullying prevention through curriculum and classroom resources. In P. K. Smith & J. O'Higgins Norman (Eds.), The Wiley Blackwell Handbook of bullying: A comprehensive and international review of research and intervention (pp. 278-302).
- Lundy, L. (2007). 'Voice' is not enough: conceptualising Article 12 of the United Nations Convention on the Rights of the Child. British educational research journal, 33(6), 927-942.
- Mahon, J., Packman, J., & Liles, E. (2023). Preservice teachers' knowledge about bullying: implications for teacher education. International journal of qualitative studies in education, 36(4), 642-654.
- Menesini, E., De Luca, L., Palladino, B. E., & Nocentini, A. (2021). Evidence based programs in Europe against bullying and cyberbullying: A balance between broader and specific approaches. In P. K. Smith & J. O'Higgins Norman (Eds.), The Wiley Blackwell Handbook of bullying: A comprehensive and international review of research and intervention (pp. 469-489). Wiley Blackwell.
- OECD (2023), "Implementation of Ireland's Leaving Certificate 2020-2021: Lessons from the COVID-19 Pandemic", OECD Education Policy Perspectives, No. 73, OECD Publishing, Paris, https://doi.org/10.1787/e36a10b8-en.
- O'Higgins Norman, J. (2020). Tackling bullying from the inside out: Shifting paradigms in bullying research and interventions: UNESCO Chair on Tackling Bullying in Schools and Cyberspace, Inaugural Lecture delivered on 7th October 2019 at Dublin City University. International journal of bullying prevention, 2(3), 161-169.
- O'Higgins Norman, J., Berger, C., Yoneyama, S., & Cross, D. (2022). School bullying: moving beyond a single school response to a whole education approach. Pastoral Care in Education, 40(3), 328–341. https://doi.org/10.1080/02643944.2022.2095419
- O'Moore M, McGuire L (2021) Disablist bullying. In: Smith PK, O'Higgins Norman J (eds.). The Wiley Blackwell handbook of bullying: a comprehensive and international review of research and intervention. vol. 1. Wiley Blackwell. pp. 342–360.

- Seligman, M. E. (2002). Authentic happiness: Using the new positive psychology to realize your potential for lasting fulfillment. Simon and Schuster.
- Smyth, E, McCoy S, and Darmody M. Moving Up. (2004). The Experiences of First-Year Students in Post-Primary Education, Liffey Press.
- Thornberg, R., Wegmann, B., Wänström, L., Bjereld, Y., & Hong, J. S. (2022). Associations between Student–Teacher Relationship Quality, Class Climate, and Bullying Roles: A Bayesian Multilevel Multinomial Logit Analysis. Victims & Offenders, 17(8), 1196–1223.
- UNESCO. (2020). International Conference on School Bullying: recommendations by the Scientific Committee on preventing and addressing school bullying and cyberbullying. Ar fáil ó https://unesdoc.unesco.org/ark:/48223/pf0000374794
- UNESCO. (2023). Defining school bullying and its implications on education, teachers and learners. Ar fáil ó https://www.unesco.org/en/articles/defining-school-bullying-and-its-implications-education-teachers-and-learners
- World Health Organisation (2024) *One in Six School-aged Children Experiences Cyberbullying*. Ar fáil ó https://www.who.int/europe/news/item/27-03-2024-one-in-six-school-aged-children-experiences-cyberbullying--finds-new-who-europe-study